An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0049/2018**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**

# Nósanna Imeachta Athbhreithnithe le haghaidh Múinteoirí agus Príomhoidí a Chur ar Fionraí agus a Bhriseadh as a bPost

## Cuspóir an Chiorcláin:

Is é cuspóir an Chiorcláin seo fógra a thabhairt d'údaráis bhainistíochta, do Mhúinteoirí agus do Phríomhoidí faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe atá i bhfeidhm i ndáil le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla agus nithe araíonachta ginearálta do Mhúinteoirí agus do Phríomhoidí.

- Tá na nósanna imeachta i ndáil le **Múinteoirí** le fáil in **Aguisín 1**
- Tá na nósanna imeachta i ndáil le **Príomhoidí** le fáil in **Aguisín 2**

Gabhann na nósanna imeachta sa Chiorclán seo in ionad na nósanna imeachta sin atá leagtha amach i gCiorclán 0060/2009. Tá Ciorclán 0060/2009 tarraingthe siar anois.

Ó dháta a n-eisiúna, beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo maidir le gach saincheist inniúlachta gairmiúla agus gach ní araíonachta ginearálta. I gcás gur tosaíodh próiseas maidir le saincheist inniúlachta gairmiúla nó araíonachta faoi Chiorclán 0060/2009 roimh dháta eisiúna an Chiorcláin seo, ba cheart leanúint leis an bpróiseas sin ach úsáid a bhaint as na nósanna imeachta athbhreithnithe atá sa Chiorclán seo ón gcéim lena mbaineann.

## Scaipeadh:

Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus go dtarraingeofar aird gach Múinteora agus Príomhoide atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá ar shaoire cheadaithe íoctha nó neamhíoctha nó atá ar iasacht.

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne faoi http://www.education.ie.

Tara Carton
Aonad Caidrimh na Foirne Seachtraí
11th Meán Fómhair 2018

**AGUISÍN 1 – MÚINTEOIRÍ**

## Nósanna Imeachta Athbhreithnithe le haghaidh Múinteoirí a Chur ar Fionraí agus a Bhriseadh as a bPost

## Alt 24(3) den Acht Oideachais (1998)

### 1. Cúlra

Foráiltear le halt 24(3) den Acht Oideachais, 1998, go bhféadfaidh na boird bhainistíochta múinteoirí a chur ar fionraí agus a bhriseadh as a bpost. Faoi théarmaí *I dTreo 2016*, gheall na páirtithe go ndéanfadh siad athbhreithniú agus athcheartú ar na nósanna imeachta atá ann cheana agus go gcomhaontódh siad nósanna imeachta nua go tráthúil chun go bhféadfaí iad a chur chun feidhme le héifeacht ó thús na chéad scoilbhliana eile.

Tá na boird bhainistíochta agus an Príomhoide freagrach as cáilíocht agus éifeachtacht an oideachais agus as bainistíocht ball foirne in aon scoil, mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, 1998.

Cé nach féidir le haon nósanna imeachta bheith críochnúil faoin raon cúinsí ar dá mbun a d'fhéadfaí nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh, is dóigh, i bhformhór na gcásanna, go mbainfidh na himthosca sin le hiompar, le bagairt ar shláinte agus sábháilteacht mac léinn agus/nó le mainneachtain leanúnach na dualgais ghairmiúla agus na freagrachtaí gairmiúla a bhfuiltear ag súil leo ó mhúinteoir a chomhlíonadh.

Foráiltear leis na nósanna imeachta comhaontaithe seo a leanas do dhá shnáithe neamhspleácha ar leith, ar nósanna imeachta iad ba cheart a úsáid i gcúinsí cuí:

- Nósanna imeachta a bhaineann le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla
- Nósanna imeachta a bhaineann le hobair, le hiompar agus le nithe nach nithe inniúlachta gairmiúla iad

Tá feidhm ag na nósanna imeachta maidir le gach múinteoir, seachas na múinteoirí sin atá ag fónamh i gcáil phromhaidh. Beidh feidhm ag na socruithe promhaidh reatha go fóill maidir le múinteoirí atá ag fónamh i gcáil phromhaidh.

Tá na nósanna imeachta seo ceaptha chun déileáil le saincheisteanna fostaíochta agus leo sin amháin. Gabhann siad in ionad na nósanna imeachta araíonachta uile a bhí ann roimh an gcomhaontú seo. Tá sé sin gan dochar d'achomhairc a dhéantar le pátrúin, cibé áit a gceadaítear iad faoi láthair, ar feitheamh aon athbhreithnithe ar achomhairc den sórt sin.

Is faoin gComhairle Mhúinteoireachta atá sé déileáil le saincheisteanna a bhaineann le clárúchán.

Féadfaidh aon cheann de na páirtithe lena mbaineann athbhreithniú a iarraidh ar na nósanna imeachta seo le haghaidh príomhoidí a chur ar fionraí agus a bhriseadh as a bpost.

## 2. Na Prionsabail Ghinearálta taobh thiar de na nósanna imeachta seo

Seachas ceisteanna cothromais agus ceartais, is gá nósanna imeachta inghlactha a bheith i bhfeidhm agus is gá cloí leis na nósanna imeachta sin ionas gur féidir dea-atmaisféar caidrimh thionsclaíoch a choimeád san áit oibre. Tá nósanna imeachta araíonachta ag teastáil chun a chinntiú go gcoimeádfar an araíonacht san áit oibre agus go bhféadfar bearta araíonachta a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom comhsheasmhach araon.

Tá dhá chuspóir i gceist le nósanna imeachta den sórt sin sa mhéid is go soláthraítear leo creat lena gcumasaítear don lucht bainistíochta caighdeáin shásúla a choimeád agus lena dtugtar d'fhostaithe rochtain ar nósanna imeachta trína bhféadfar aghaidh a thabhairt go cothrom íogair ar aon mhainneachtain líomhnaithe na caighdeáin sin a chomhlíonadh.

Is iad na gnéithe riachtanacha d'aon nósanna imeachta le haghaidh déileáil le saincheisteanna araíonachta ná go bhfuil siad réasúnach agus cothrom, go bhfuil bonn soiléir ann le gníomh araíonachta, go bhfuil an raon pionós a fhéadfar a fhorchur dea-shainithe agus go bhfuil sásra achomhairc inmheánach ar fáil.

Tá gach múinteoir cuntasach go pearsanta as a (h)iompraíocht agus a f(h)eidhmíocht oibre féin. I gcás gach páirtí, is fearr luath-idirghabháil a dhéanamh ar an leibhéal cuí chun aghaidh a thabhairt ar aon iompraíocht mhíchuí a bhraitear a bheith ann ionas go n-íoslaghdófar an baol go ngéarófaí na smachtbhannaí dá bhforáiltear sna nósanna imeachta seo.

Déanfaidh an Príomhoide gach iarracht aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh líomhnaithe nó aon easnaimh a bhraitear a bheith ann ó thaobh oibre agus iompair de ar bhealach neamhfhoirmiúil gan an nós imeachta araíonachta foirmiúil a agairt.

I gcás go dtabharfaidh na cúinsí údar le déanamh amhlaidh, féadfar múinteoir a chur ar shaoire riaracháin ar phá iomlán ar feitheamh imscrúdaithe nó an toraidh ar imscrúdú nó ar feitheamh éisteacht/cruinniú araíonachta nó an toraidh ar éisteacht/cruinniú araíonachta.

Is é is aidhm do na nósanna imeachta seo prionsabail ghinearálta an cheartais aiceanta a chomhlíonadh agus a fhoráil:

- go mbeidh toimhde na neamhchiontachta ann. Ní fhéadfar aon chinneadh maidir le gníomh araíonachta a dhéanamh go dtí go dtionólfar cruinniú araíonachta foirmiúil agus go dtabharfar deis don fhostaí freagra a thabhairt ar na líomhaintí a tarraingíodh anuas
- go dtabharfar, roimh chruinniú araíonachta, fógra i scríbhinn don fhostaí faoi chineál beacht na nithe lena mbaineann agus go dtabharfar cóipeanna de gach doiciméad ábhartha dó/di. I gcás gearáin, áireofar leis an bhfaisnéis sin foinse agus téacs an ghearáin a fuarthas. Ba cheart aon ghearán a dhéanamh i scríbhinn.
- go dtabharfar sonraí don mhúinteoir lena mbaineann faoi na líomhaintí, na gearáin nó na saincheisteanna inniúlachta gairmiúla atá i gceist
- go n-urramófar go hiomlán an ceart atá ag an múinteoir lena mbaineann chun a c(h)omhad pearsanra a rochtain agus chun amharc air (lena n-áireofar gach taifead i ndáil leis an múinteoir atá i seilbh na scoile i bhformáid cruachóipe nó leictreonach)

- go dtabharfar deis don mhúinteoir lena mbaineann freagra a thabhairt ar aon líomhaintí, aon ghearáin nó aon saincheisteanna inniúlachta gairmiúla den sórt sin
- go dtabharfar deis don mhúinteoir lena mbaineann leas a bhaint as ionadaíocht, a thagann ó chomhghleacaí oibre nó ó ionadaí/ionadaithe ceardchumainn de ghnáth
- go mbeidh ag an múinteoir lena mbaineann an ceart chun an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a scrúdú agus a cheistiú agus chun finnéithe nó daoine a sholáthair faisnéis den sórt sin a ghairm lena gceistiú
- go mbeidh ag an múinteoir lena mbaineann an ceart chun scrúdú cothrom neamhchlaon a fháil ar na saincheisteanna atá á n-imscrúdú, rud ina dtabharfar aird ar na líomhaintí nó na gearáin iad féin, ar an bhfreagra a thug an múinteoir lena mbaineann orthu, ar aon uiríll a rinne an múinteoir lena mbaineann nó a rinneadh thar a c(h)eann, agus ar aon fhianaise, aon tosca nó aon chúinsí eile atá ábhartha nó cuí
- go mbeidh ar an mbord bainistíochta, mar fhostóir, an dualgas chun gníomhú go réasúnach agus go cothrom i ngach teagmháil le baill foirne agus chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hiompar nó inniúlacht ghairmiúil ar bhealach faoi rún ina dtugtar cosaint do dhínit an mhúinteora
- go mbeidh gach ní a bhaineann leis an nós imeachta araíonachta faoi rún daingean ag na páirtithe agus a n-ionadaithe
- go measfar gur cion araíonachta é ag aon duine imeagla nó brú míchuí a chur ar aon duine a bhféadfar ceangal a chur air/uirthi freastal mar fhinné
- gurb amhlaidh, i gcás go ndéanfar cinneadh smachtbhanna araíonachta a fhorchur, go mbeidh an smachtbhanna a fhorchuirfear i gcomhréir le cineál an iompair/na hiompraíochta/na feidhmíochta ar dá b(h)un atá an smachtbhanna á fhorchur
- go mbeidh na nósanna imeachta seo gan dochar don cheart atá ag múinteoir chun dul i muinín an dlí chun a f(h)ostaíocht a chosaint

Cuirfear tacaíocht, oiliúint agus cúnamh atá réasúnach agus cuí ar fáil. Sa chomhthéacs sin, beidh cuid mhór d’obair na Seirbhísí Tacaíochta ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile dírithe ar chomhairle agus cúnamh atá cuí a sholáthar do lucht bainistíochta na scoile agus do mhúinteoirí le linn pleananna feabhsúcháin a cheapadh agus, nuair is iomchuí, le linn iad a chur chun feidhme. Cuirfear socruithe i bhfeidhm freisin chun a fhoráil go mbeifear in ann na seirbhísí sin a rochtain go tráthúil nuair is gá.

**Nósanna imeachta a bhaineann le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla**

**Brollach**

Mar is gnách in aon ghairm, is faoin múinteoir aonair, sa chéad dul amach, caighdeáin chuí teagaisc a choinneáil agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin go pearsanta nuair a thagann siad aníos. Ina theannta sin, tá freagracht agus oibleagáid ar an múinteoir as a chinntiú go mbaineann sé/sí leas iomlán as na deiseanna cúnaimh go léir chun saincheisteanna inniúlachta gairmiúla a leasú.

Sa chomhthéacs sin, glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann formhór mór na múinteoirí a gcuid dualgas ar bhealach inniúil éifeachtúil agus go gcuireann siad seirbhís ar fáil ar aon dul leis na traidisiúin teagaisc is fearr. Dá réir sin, is ar líon beag daoine aonair laistigh de ghairm a dhírítear aon phróiseas arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil. Is fíor freisin nach mór go n-aithnítear in aon phróiseas den chineál sin an fhírinne gur minic a bhíonn saincheisteanna inniúlachta gairmiúla de chineál neamhbhuan agus gur féidir go dtagann siad as saincheisteanna de chineál pearsanta nó gairmiúil nach maireann ach tréimhse ama réasúnta gairid.

Is féidir freisin go dtiocfaidh cásanna aníos ina n-ardófar buarthaí faoi inniúlacht ghairmiúil múinteora trí ghearáin ó thuismitheoirí. Sna cásanna sin, tabharfaidh an Príomhoide aghaidh ar na hábhair imní ar an gcéad ásc de réir na nósanna imeachta comhaontaithe maidir le gearáin. Déanfaidh an Príomhoide breithniú ar chineál an ghearáin sula gcinnfidh sé/sí cé acu ba cheart nó nár cheart an tsaincheist a bhreithniú faoi na nósanna imeachta a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil. Má ghairtear na nósanna imeachta a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil ina dhiaidh sin, tabharfar comhairle agus eolas don tuismitheoir a rinne an gearán faoi thoradh deiridh an phróisis.

Dá réir sin, ba cheart roinnt céimeanna a bheith i gceist leis an gcur chuige maidir le déileáil le nithe a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil. Ba cheart don chur chuige bogadh ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla a d'fhéadfadh dul i muinín gníomh araíonachta (suas go briseadh as post agus an rud sin san áireamh) ag deireadh an phróisis. Ní mór aird a thabhairt lena linn sin, ar ndóigh, ar an gceart atá ag an mbord bainistíochta agus ar an dualgas atá air/uirthi chun gníomhú láithreach i nithe a bhaineann le mí-iompar tromchúiseach nó i gcás go measfaidh sé/sí go bhfuil bagairt ann ar shláinte, sábháilteacht agus leas mac léinn.

***Céim 1***

***An Chéim Neamhfhoirmiúil***

1.1 Mar atá leagtha amach in ailt 22 agus 23 den Acht Oideachais, 1998, tá freagracht fhoriomlán ar an bPríomhoide, mar chuid dá f(h)reagracht laethúil i dtaca leis an scoil a bhainistiú, as múinteoirí a threorú agus a stiúradh, as ceannaireacht a sholáthar do mhúinteoirí agus do mhic léinn agus, i gcomhar leis an mbord bainistíochta, as timpeallacht a chruthú a thacaíonn leis an bhfoghlaim i measc mac léinn agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn. Foráiltear leis an Acht Oideachais freisin go mbeidh ag an bPríomhoide na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach

ina leith sin. Dá bhrí sin, tá an Príomhoide san áit is fearr chun sainaithint a dhéanamh ar chásanna ina dtagann saincheisteanna inniúlachta gairmiúla chun cinn in obair múinteora.

1.2 I gcás go mbeidh ábhair imní ag an bPríomhoide go bhfuil saincheisteanna inniúlachta gairmiúla ag baint le hobair múinteora, tabharfaidh sé/sí fógra ó bhéal don mhúinteoir faoi chineál sonrach agus méid na n-ábhar imní sin agus tabharfaidh sé/sí don mhúinteoir aon doiciméid ábhartha a bhaineann leis an tsaincheist.

1.3 Ag an gcéim seo, ba cheart cóip de na nósanna imeachta comhaontaithe a thabhairt don mhúinteoir agus ba cheart a chur in iúl dó/di eolas a chur ar na céimeanna éagsúla de na nósanna imeachta a fhéadfar a agairt agus ar an raon smachtbhannaí atá ar fáil don bhord bainistíochta.

1.4 Féachfaidh an Príomhoide leis an mbunchúis/na bunchúiseanna a iniúchadh i gcomhar leis an múinteoir agus, nuair is féidir, comhaontóidh siad na bearta is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ní. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh an Príomhoide eolas don mhúinteoir faoi na tacaí inmheánacha agus/nó seachtracha atá ar fáil agus déanfaidh sé/sí a d(h)ícheall cabhrú leis an múinteoir na tacaí sin a rochtain. Is féidir go n-áireofar leo sin an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), agus/nó gníomhaireachtaí seachtracha eile atá ábhartha nó oiriúnach sna cúinsí, agus aird á tabhairt ar chineál na saincheisteanna ar leith.

1.5 Tá sé beartaithe gurb amhlaidh, trí chomhphlé idir an Príomhoide agus an múinteoir, go réiteofar na saincheisteanna chun sástacht an Phríomhoide agus go gcomhaontóidh siad araon nach bhfuil aon ghníomh eile ag teastáil.

1.6 Tá sé beartaithe gur cheart saincheisteanna inniúlachta gairmiúla de chineál neamhbhuan a réiteach trí shásraí neamhfhoirmiúla agus laistigh de thréimhse trí mhí de ghnáth, gan tréimhsí saoire a áireamh.

1.7 I gcás go mainneoidh múinteoir obair go dearfach leis na próisis agus go mbeidh ábhair imní ag an bPríomhoide go fóill go bhfuil saincheisteanna inniúlachta gairmiúla de chineál leanúnach ann, tabharfaidh an Príomhoide fógra don mhúinteoir go bhfuil sé beartaithe aige/aici an ní a tharchur chuig an mbord bainistíochta d'fhonn an próiseas foirmiúil a thionscnamh.

***Céim 2***

***An próiseas foirmiúil a thionscnamh***

2.1 Tabharfaidh an Príomhoide fógra do Chathaoirleach an bhoird faoi na hábhair imní atá aige/aici agus tabharfaidh sé/sí tuarascáil i scríbhinn don bhord. Tabharfar cóip den tuarascáil don mhúinteoir ag an am céanna agus tabharfar deis dó/di freagra i scríbhinn a thabhairt mar chuid den phróiseas breithniúcháin ar an ní.

2.2 Ag an gcéim seo, féadfaidh an múinteoir Céim 3 de na nósanna imeachta seo a agairt laistigh de 10 lá scoile ón tuarascáil a fháil. I gcás go ndéanfaidh an múinteoir an gníomh sin, déanfaidh sé/sí amhlaidh ar an tuiscint nach bhféadfaidh sé/sí féachaint le filleadh ina dhiaidh sin ar aon chéim níos luaithe den phróiseas agus go bhféadfaidh an Príomhoide agus an bord bainistíochta dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile de réir mar is cuí.

2.3 Mar mhalairt air sin, i gcás nach nglacfaidh an múinteoir an rogha sin, déanfaidh an bord breithniú a luaithe is indéanta ar an tuarascáil ón bPríomhoide agus ar aon fhreagra i scríbhinn a thug an múinteoir. Ag an gcéim seo, tabharfar deis don mhúinteoir an ní a phlé leis an mbord bainistíochta más mian leis/léi déanamh amhlaidh. Déanfaidh an bord bainistíochta cinneadh ansin maidir le conas ba cheart dul ar aghaidh. Is féidir go gcinnfidh an bord:

- Nach bhfuil forais dhóthanacha ann chun teacht ar an gconclúid go bhfuil saincheist inniúlachta gairmiúla ann,
- Nach bhfuil forais dhóthanacha ann chun údar a thabhairt leis an bpróiseas foirmiúil a thionscnamh.

2.4 I gcás go mbeidh an Bord den tuairim go bhfuil forais dhóthanacha ann, cuirfidh sé/sí de chúram ar an bPríomhoide an plean feabhsúcháin riachtanach a shainiú don mhúinteoir atá i gceist.

2.5 Buailfidh an Príomhoide leis an múinteoir lena mbaineann chun an plean feabhsúcháin a phlé.

2.6 Sonrófar i scríbhinn sa phlean na heasnaimh a bhraitear a bheith ann ar inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora agus an feabhas riachtanach a mbeifear ag súil leis ón múinteoir sin. Leagfar amach ann freisin an raon tacaí agus oiliúna atá ar fáil don mhúinteoir agus moltaí ba cheart don mhúinteoir a leanúint chun feabhas a chur ar a f(h)eidhmíocht féin. Leagfar amach sa phlean feabhsúcháin freisin fráma ama ar laistigh de ba cheart an feabhas riachtanach a bhaint amach. Cuirfear tacaí cuí ar fáil don Phríomhoide le linn an plean feabhsúcháin a dhréachtú.

2.7 Cé gur ar an múinteoir aonair lena mbaineann a bheidh an phríomhfhreagracht as feabhas a chur ar a f(h)eidhmíocht féin, tabharfaidh an Príomhoide/an bord bainistíochta tacaíocht agus cabhair don mhúinteoir sin an feabhas riachtanach a bhaint amach.

2.8 Bheifí ag súil leis de ghnáth go réiteofaí na saincheisteanna inniúlachta gairmiúla laistigh den fhráma ama atá leagtha síos sa phlean feabhsúcháin, rud nár cheart a bheith níos lú ná trí mhí, gan tréimhsí saoire a áireamh. Féadfaidh an Príomhoide an tréimhse sin a fhadú faoi réir comhaontú a fháil ón mbord bainistíochta chun tuilleadh ama a thabhairt don mhúinteoir an plean feabhsúcháin a chur chun feidhme.

2.9 Tar éis dheireadh na tréimhse ama dá bhforálfar le haghaidh feabhas a bhaint amach, tabharfaidh an Príomhoide tuarascáil i scríbhinn don Bhord agus don mhúinteoir, rud ina leagfar amach tuairimí an Phríomhoide ar an toradh.

2.10 I gcás go dtuairisceoidh an Príomhoide gur baineadh an feabhas riachtanach amach, tabharfaidh an Bord fógra i scríbhinn don mhúinteoir á dheimhniú go bhfuil sé beartaithe aige an próiseas foirmiúil a thabhairt chun críche.

2.11 I gcás go dtuairisceoidh an Príomhoide don Bhord nár baineadh an feabhas riachtanach amach i bhfeidhmíocht teagaisc tar éis dheireadh an phróisis a cheadaítear don phróiseas sin, déanfaidh an Bord tuilleadh breithniúcháin ar an ní, faoi mar a fhoráiltear dó thíos.

2.12 Tabharfar deis don mhúinteoir freagra ó bhéal agus freagra i scríbhinn a thabhairt ar an tuarascáil ón bPríomhoide mar chuid den phróiseas ina mbreithníonn an bord an ní.

2.13 Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil ón bPríomhoide agus ar an bhfreagra ón múinteoir, féadfaidh an Bord a chinneadh:

- Go ndearna an múinteoir dul chun cinn dóthanach agus go dtabharfar an nós imeachta chun críche
- Gur cheart an plean feabhsúcháin a athrú.
- nár bhain an múinteoir an feabhas riachtanach amach

**Céim 3 Athbhreithniú Seachtrach**

3.1 I gcás go gcinnfidh an bord bainistíochta nár soláthraíodh an feabhas riachtanach, iarrfaidh an Bord ar an bPríomhchigire a shocrú go ndéanfaí athbhreithniú ar obair an mhúinteora aonair. Tabharfaidh an bord bainistíochta eolas don mhúinteoir faoi sin. Ba cheart sonraí faoi chineál ábhair imní an Bhoird, na tacaí a tairgeadh don mhúinteoir, an méid a bhain an múinteoir leas as na tacaí sin agus na torthaí a chur ar áireamh san iarraidh ar athbhreithniú.

3.2 Sula bhformheasfaidh sé/sí an t-athbhreithniú, deimhneoidh an Príomhchigire* dó/di féin gur thairg an scoil an tacaíocht chuí don mhúinteoir agus gurb amhlaidh, dá ainneoin sin, go meastar obair an mhúinteora a bheith míshásúil fós. Féadfaidh an Príomhchigire tuilleadh faisnéise a iarraidh ón scoil de réir mar a mheasann sé/sí í a bheith riachtanach. I gcás go mbainfidh múinteoir leas as an rogha i gCéim 2 chun Céim 3 den phróiseas a agairt, deimhneoidh an Príomhchigire an fhíric sin dó/di féin sula gcuirfidh sé/sí tús leis an athbhreithniú.

3.3 Tabharfaidh an Bord Bainistíochta don mhúinteoir freisin na doiciméid ar fad a thug an bord bainistíochta don Phríomhchigire.

3.4 An fheidhm um athbhreithniú seachtrach atá dílsithe don Phríomhchigire a dhéanamh, tá sí ina toradh ar an gcomhaontú sin agus tá sí ar leithligh ó fheidhm reachtúil an Phríomhchigire mar atá leagtha amach in alt 13 den Acht Oideachais, 1998, agus gan dochar di.

3.5 I gcás go n-aontóidh an Príomhchigire leis an iarraidh, féadfaidh sé/sí na pearsana sin a mheasann sé/sí a bheith riachtanach chun an t-athbhreithniú a dhéanamh a shannadh.

Agus é/í ag sannadh duine nó daoine do chomhlíonadh an chúraim sin, tabharfaidh an Príomhchigire aird ar an gceanglas go mbeidh inniúlacht atá ábhartha don athbhreithniú ag aon duine/daoine aonair atá sannta amhlaidh.

3.6 Is féidir go n-áireofar leis an athbhreithniú sraith cuairteanna ar an suíomh teagaisc agus foghlama agus is gnách go dtugann comhalta/comhaltaí den Chigireacht iad. Beidh ag an duine/na daoine a sannfaidh an Príomhchigire é/í/iad cibé rochtain ar an suíomh teagaisc agus foghlama a theastaíonn uaidh/uaithi/uathu chun tuairim ghairmiúil a thabhairt faoi inniúlacht an mhúinteora. Is féidir go mbeidh cásanna ann, ag tabhairt aird ar chineál aon cháis ar leith, ina bhféadfadh duine a bhfuil saineolas ar leith aige/aici atá ábhartha do na saincheisteanna imní a tharraing an bord bainistíochta anuas a bheith in éineacht leis an gcomhalta/na comhaltaí den Chigireacht. I ngach cás, is é comhalta den Chigireacht a stiúrfaidh an próiseas athbhreithniúcháin.

3.7 An múinteoir, atá mar ábhar d'athbhreithniú seachtrach, comhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an bpróiseas athbhreithniúcháin agus beidh aon teip air/uirthi comhoibriú ar an mbealach sin ina ní araíonachta inti féin. Is féidir go gcuirfear aon easpa comhoibrithe den sórt sin san áireamh nuair atá na daoine sin atá ag déanamh an athbhreithnithe thar ceann an Phríomhchigire ag teacht ar a dtátail.

3.8 Cuirfidh an duine/na daoine a sannfaidh an Príomhchigire é/í/iad tuarascáil faoi bhráid an Phríomhchigire, a chuirfidh an tuarascáil seo ar fáil do bhord bainistíochta na scoile agus don mhúinteoir dá réir. Leagfar amach sa tuarascáil na tátail ar thángthas orthu i dtaca leis na hábhair imní a tharraing an bord bainistíochta anuas.

3.9 Tabharfaidh an bord bainistíochta deis don mhúinteoir freagra i scríbhinn a thabhairt ar thuarascáil an Phríomhchigire laistigh de 15 lá scoile tar éis don mhúinteoir an tuarascáil a fháil.

3.10 Tiocfaidh an bord bainistíochta le chéile chun breithniú a dhéanamh ar thuarascáil an Phríomhchigire agus ar an bhfreagra i scríbhinn ón múinteoir laistigh de 10 lá oibre tar éis an freagra i scríbhinn a fháil ón múinteoir. Féadfaidh an bord bainistíochta a chinneadh:

- nach gá tuilleadh gnímh a dhéanamh
- dul ar aghaidh chuig éisteacht araíonachta

I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile faoi sin.

**Áirítear leis an tagairt don Phríomhchigire comhaltaí den Chigireacht a dtarmligfidh an Príomhchigire an fheidhm sin chucu.*

**Céim 4**

***Éisteacht***

4.1 Tabharfar deis don mhúinteoir freastal ar chruinniú de chuid an bhoird bhainistíochta, agus ionadaí/ionadaithe, arb é a (h)ionadaí/(h)ionadaithe ó cheardchumann é/í de ghnáth, nó comhghleacaí/comhghleacaithe dá c(h)uid in éineacht léi, faoi réir uaslíon foriomlán de bheirt.

4.2 Tabharfar fógra 7 lá scoile ar a laghad don mhúinteoir roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir na héisteachta a leagan amach san fhógra. Ba cheart a leagan amach ann freisin go bhféadfar gníomh araíonachta a bhreithniú.

4.3 Ag an gcruinniú, tabharfar deis don mhúinteoir a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh.

4.4 Tar éis na héisteachta, déanfaidh an bord bainistíochta a bhreithiúnas ar an ní. Agus a bhreithiúnas á chur le chéile aige, tabharfaidh an bord bainistíochta aird ar na tátail atá leagtha amach i dtuarascáil an Phríomhchigire, ar aon fhianaise eile agus ar uiríll an mhúinteora (más ann) ina leith.

4.5 Tar éis na héisteachta, tabharfaidh an Bord fógra don mhúinteoir faoina chinneadh agus faoi aon ghníomh araíonachta atá beartaithe, más é sin toradh a phléití.

4.6 Má chinntear gníomh araíonachta a dhéanamh, féadfaidh an bord bainistíochta leas a bhaint as an raon smachtbhannaí seo a leanas:

- Cáineadh deiridh i scríbhinn
- Incrimint a chur siar
- Incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- Fionraí (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó chun críche ar leith) le pá
- Fionraí (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó chun críche ar leith) gan phá
- Briseadh.

Gníomhóidh an bord bainistíochta ar bhealach réasúnta i ngach cás agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomh araíonachta iomchuí. Ba cheart cineál an ghnímh araíonachta a bheith i gcomhréir le cineál na saincheiste inniúlachta gairmiúla.

I gcás go mbeartófar gníomh araíonachta nach dtéann chomh fada le briseadh, déanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú ar an gcás chun a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil aon ghníomh araíonachta eile ag teastáil.

**Céim 5**

**Achomharc**

5.1 Beidh deis ag an múinteoir achomharc a dhéanamh in aghaidh ghníomh beartaithe an bhoird bhainistíochta. Éistfidh painéal neamhspleách achomhairc a gceapfaidh an bord bainistíochta é achomharc den sórt sin.

5.2 Tá na nósanna imeachta maidir le hachomharc a dhéanamh leis an bpainéal neamhspleách achomhairc mar atá leagtha amach in Aguisín 1 A.

**Fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Mhúinteoireachta**

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi chineál an ghnímh araíonachta agus comhlíonfaidh sé/sí riachtanais ar bith na Comhairle Múinteoireachta de réir fhorálacha Alt 37 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

**Nósanna imeachta araíonachta do mhúinteoirí i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha**

## Brollach

Rinneadh an nós imeachta araíonachta seo do mhúinteoirí atá fostaithe i mbunscoileanna, i bpobalscoileanna, i scoileanna cuimsitheacha agus i meánscoileanna deonacha a fhorbairt agus a chomhaontú tar éis plé idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, comhlachtaí bainistíochta scoile agus ceardchumainn aitheanta mhúinteoirí a dhéanann ionadaíocht do mhúinteoirí sna hearnálacha sin. Cuirtear san áireamh ann an reachtaíocht fostaíochta agus Cód Cleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais maidir le Nósanna Imeachta Araíonachta. Gabhann an nós imeachta araíonachta seo in ionad na nósanna imeachta araíonachta áitiúla agus náisiúnta go léir atá ann cheana. Tabharfar eolas agus faisnéis iomlán do Phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do bhoird bhainistíochta faoin nós imeachta seo agus cloífidh siad lena théarmaí.

## Réamhrá

Mar is gnách in aon ghairm, is faoin múinteoir aonair, sa chéad dul amach, caighdeáin chuí oibre agus iompair a choinneáil agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin go pearsanta nuair a thagann siad aníos. Ina theannta sin, tá freagracht agus oibleagáid ar an múinteoir as a chinntiú go mbaineann sé/sí leas iomlán as na deiseanna cúnaimh go léir chun na saincheisteanna sin a leasú.

Sa chomhthéacs sin, glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann formhór mór na múinteoirí a gcuid dualgas ar bhealach inniúil éifeachtúil agus go gcuireann siad seirbhís ar fáil ar aon dul leis na traidisiúin teagaisc is fearr. Dá réir sin, is ar líon beag daoine aonair laistigh den ghairm a dhírítear aon phróiseas arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le hobair agus le hiompar. Is fíor freisin nach mór go n-aithnítear in aon phróiseas den chineál sin an fhírinne gur minic atá na hábhair sin de chineál neamhbhuan agus gur féidir go dtagann siad as saincheisteanna de chineál pearsanta nó gairmiúil nach maireann ach tréimhse ama réasúnta gairid. Nuair is féidir, déileálfar go neamhfhoirmiúil le haon chorr-shaincheisteanna nó easnaimh nach bhfuil tromchúiseach.

Dá réir sin, ba cheart roinnt céimeanna a bheith i gceist leis an gcur chuige maidir le déileáil le nithe a bhaineann le hobair agus le hiompar. Ba cheart don chur chuige bogadh ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla a d'fhéadfadh dul i muinín gníomh araíonachta (suas go briseadh as post agus an rud sin san áireamh) ag deireadh an phróisis. Cé go dtiocfaidh gníomh araíonachta as na céimeanna forásacha de ghnáth, féadfaidh an scoil tús a chur leis an nós imeachta ag céim ar bith den phróiseas má éilíonn an mí-iompar líomhnaithe an cur chuige sin.

**Raon feidhme**

Baineann an nós imeachta seo le saincheisteanna oibre agus iompair agus le nithe nach nithe inniúlachta gairmiúla iad agus tá feidhm aige maidir le gach múinteoir, seachas iad sin atá ag fónamh i gcáil phromhaidh. Is lasmuigh de raon feidhme an nós imeachta seo atá saincheisteanna inniúlachta gairmiúla agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu trí na Nósanna Imeachta a bhaineann le hInniúlacht Ghairmiúil.

Líomhaintí i dtaca le cosaint leanaí, mar a shainmhínítear sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus sa Chiorclán gníomhach ábhartha, déileálfar leo ar an gcéad dul síos faoi na nósanna imeachta sin.

**An Chéim Neamhfhoirmiúil**

Tá sé beartaithe go réitítear fadhbanna a bhaineann le hobair agus le hiompar ar bhealach neamhfhoirmiúil nuair is féidir. Chuige sin, pléifidh an Príomhoide aon iompar míshásúil leis an múinteoir lena mbaineann agus tabharfaidh sé/sí eolas dó/di faoi na feabhsuithe atá ag teastáil. Tabharfar an deis don mhúinteoir míniúchán agus nótaí tráchta a thairiscint. I gcás go dtiocfaidh feabhas isteach gan dul i muinín gníomh araíonachta, cuirfear treoir ar fáil de réir mar is cuí agus tabharfar aird chuí ar cibé acu is iad cúinsí pearsanta, cúinsí sláinte nó cúinsí teaghlaigh is cúis leis an easnamh. I gcásanna den sórt sin, tabharfar cabhair agus comhairle nuair is féidir. Tabharfar fógra don mhúinteoir freisin go bhféadfar an ní dul ar aghaidh chuig an nós imeachta araíonachta foirmiúil mura ndéantar an feabhas atá ag teastáil.

I gcás nach gcomhlíonfaidh obair nó iompar an mhúinteora na caighdeáin is gá, d'ainneoin na hidirghabhála neamhfhoirmiúla atá leagtha amach thuas, déileálfar leis an ní faoin nós imeachta araíonachta seo a leanas.

**Céim 1:**

**Rabhadh ó Bhéal**

Gairfidh an Príomhoide cruinniú araíonachta foirmiúil leis an múinteoir. Tabharfar fógra cúig lá scoile ar a laghad i scríbhinn don mhúinteoir roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin i dteannta aon cháipéisí tacaíochta a lua san fhógra. Féadfaidh ionadaí, arb é a (h)ionadaí ceardchumainn nó comhghleacaí oibre é/í de ghnáth, dul chuig cruinniú ar bith den chineál sin leis an múinteoir lena mbaineann.

Ag an gcruinniú, tabharfar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt agus a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra, cinnfidh an Príomhoide an gníomh iomchuí a dhéanfar. I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile faoi sin. I gcás go gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo, tabharfaidh an Príomhoide fógra don Chathaoirleach go bhfuil rabhadh ó bhéal á thabhairt dó/di. I gcás go dtabharfar rabhadh ó bhéal, ba cheart an feabhas atá ag teastáil agus an tréimhse ama inar gá an feabhas

sin a bhaint amach a lua go soiléir sa rabhadh sin. Ba cheart eolas a thabhairt don mhúinteoir sa rabhadh go bhféadfar tuilleadh gníomh araíonachta a bhreithniú i gcás nach mbeidh aon fheabhas leanúnach sásúil ann. Tabharfar fógra don mhúinteoir faoin gceart atá aige/aici achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta atá á dhéanamh agus faoin bpróiseas achomhairc.

Déanfaidh an Príomhoide cóip den rabhadh ó bhéal a choinneáil ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip den rabhadh sin don mhúinteoir. Beidh an rabhadh ó bhéal gníomhach do thréimhse 6 mhí agus, faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige tar éis dhul in éag na tréimhse 6 mhí. Bainfear an taifead ón gcomhad tar éis na tréimhse sé mhí faoi réir feabhas sásúil a bheith ann le linn na tréimhse.

Is féidir go dtiocfaidh ócáidí aníos, áfach, ina bhfuil obair nó iompar fostaí sásúil ar fud na tréimhse a bhfuil feidhm ag an rabhadh lena linn sula dtiteann an obair nó an t-iompar sin tamall an-ghairid ina dhiaidh sin. I gcás go dtiocfaidh patrún den chineál sin chun cinn agus go mbeidh fianaise ar fáil gur baineadh an bonn ón bpróiseas araíonachta, féadfar iompar agus patrún iompair an fhostaí roimhe sin a bhreithniú ina n-iomláine i nós imeachta araíonachta sa todhchaí.

**Céim 2:**

**Rabhadh i Scríbhinn**

Más rud é go measann an Príomhoide nach sásúil atá iompar an mhúinteora i dtaca leis an iompar atá ag teastáil ag Céim 1, tar éis dó/di rabhadh ó bhéal a fháil, socrófar cruinniú idir an múinteoir, an Príomhoide agus ainmní de chuid an bhoird bhainistíochta. Tabharfar fógra seacht lá scoile ar a laghad i scríbhinn don mhúinteoir roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin i dteannta aon cháipéisí tacaíochta a lua san fhógra. Féadfaidh ionadaí, arb é a (h)ionadaí/(h)ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe é/í/iad de ghnáth, dul chuig cruinniú ar bith den chineál sin leis an múinteoir lena mbaineann, faoi réir uaslíon foriomlán de bheirt.

Ag an gcruinniú, ba cheart ráiteas soiléir a thabhairt don mhúinteoir ar an réimse/na réimsí ina mbraitear a (h)iompar a bheith míshásúil. Tabharfar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt agus a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh agus tabharfar deis dó/di freagra a thabhairt. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra, cinnfidh an Príomhoide agus an t-ainmní de chuid an bhoird bhainistíochta an gníomh iomchuí a dhéanfar. I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile faoi sin. I gcás go gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo, tabharfar fógra don mhúinteoir go bhfuil rabhadh i scríbhinn á thabhairt dó/di. I gcás go dtabharfar rabhadh i scríbhinn, ba cheart an feabhas atá ag teastáil agus an tréimhse ama inar gá an feabhas sin a bhaint amach a lua go soiléir sa rabhadh sin. Ba cheart eolas a thabhairt don mhúinteoir sa rabhadh i scríbhinn go bhféadfar tuilleadh gníomh araíonachta a bhreithniú i gcás nach mbeidh aon fheabhas leanúnach sásúil ann. Tabharfar fógra don mhúinteoir faoin gceart atá aige/aici achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta atá á dhéanamh agus faoin bpróiseas achomhairc.

Déanfaidh an Príomhoide cóip den rabhadh i scríbhinn a choinneáil ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip den rabhadh sin don mhúinteoir. Beidh an rabhadh i scríbhinn gníomhach do thréimhse nach mó ná 9 mí agus, faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige tar éis dhul in éag na tréimhse 9 mí. Bainfear an taifead ón gcomhad tar éis na tréimhse naoi mí faoi réir feabhas sásúil a bheith ann le linn na tréimhse.

Is féidir go dtiocfaidh ócáidí aníos, áfach, ina bhfuil obair nó iompar fostaí sásúil ar fud na tréimhse a bhfuil feidhm ag an rabhadh lena linn sula dtiteann an obair nó an t-iompar sin tamall an-ghairid ina dhiaidh sin. I gcás go dtiocfaidh patrún den chineál sin chun cinn agus go mbeidh fianaise ar fáil gur baineadh an bonn ón bpróiseas araíonachta, féadfar iompar agus patrún iompair an fhostaí roimhe sin a bhreithniú ina n-iomláine i nós imeachta araíonachta sa todhchaí.

**Céim 3:**

**Rabhadh Deiridh i Scríbhinn**

Más rud é go measann an Príomhoide nach sásúil atá iompar an mhúinteora nó gur tharla cion níos tromchúisí, tar éis don mhúinteoir rabhadh i scríbhinn a fháil, socrófar cruinniú idir an múinteoir, an Príomhoide agus ainmní de chuid an Bhoird Bhainistíochta. Ba cheart fógra seacht lá scoile ar a laghad a thabhairt i scríbhinn don mhúinteoir roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin i dteannta aon cháipéisí tacaíochta a lua san fhógra. Féadfaidh ionadaí, arb é a (h)ionadaí/(h)ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe é/í/iad de ghnáth, dul chuig cruinniú ar bith den chineál sin leis an múinteoir lena mbaineann, faoi réir uaslíon de bheirt.

Ag an gcruinniú, ba cheart ráiteas soiléir a thabhairt don mhúinteoir ar an réimse/na réimsí ina mbraitear a (h)iompar a bheith míshásúil. Tabharfar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt agus a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh agus tabharfar deis dó/di freagra a thabhairt. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra, cinnfidh an Príomhoide agus an t-ainmní de chuid an bhoird bhainistíochta an gníomh iomchuí a dhéanfar. I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile faoi sin. I gcás go gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo, tabharfar fógra don mhúinteoir go bhfuil rabhadh deiridh i scríbhinn á thabhairt dó/di. I gcás go dtabharfar rabhadh deiridh i scríbhinn, ba cheart an feabhas atá ag teastáil agus an tréimhse ama inar gá an feabhas sin a bhaint amach a lua go soiléir sa rabhadh sin. Ba cheart eolas a thabhairt don mhúinteoir sa rabhadh deiridh i scríbhinn go bhféadfar tuilleadh gníomh araíonachta a bhreithniú i gcás nach mbeidh aon fheabhas leanúnach sásúil ann. Tabharfar fógra don mhúinteoir faoin gceart atá aige/aici achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta atá á dhéanamh agus faoin bpróiseas achomhairc.

Déanfaidh an Príomhoide cóip den rabhadh deiridh i scríbhinn a choinneáil ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip den rabhadh sin don mhúinteoir. Beidh an rabhadh deiridh i scríbhinn gníomhach do thréimhse nach mó ná 12 mhí agus, faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige tar éis dhul in éag na tréimhse 12 mhí. Bainfear an taifead ón gcomhad tar éis na tréimhse dhá mhí dhéag faoi réir feabhas sásúil a bheith ann le linn na tréimhse.

**Céim 4:**

Má bhraitear gur lean an drochobair nó an drochiompar ar aghaidh tar éis an rabhadh deiridh i scríbhinn a eisiúint, nó más saincheist thromchúiseach í an tsaincheist oibre nó iompair atá i gceist, ullmhóidh an Príomhoide tuarascáil chuimsitheach ar fhíricí an cháis agus cuirfear ar aghaidh í chuig an mbord bainistíochta. Tabharfar cóip den tuarascáil don mhúinteoir.

Déanfaidh an bord bainistíochta breithniú ar an ní agus iarrfaidh sé na tuairimí i scríbhinn ón múinteoir maidir leis an tuarascáil a d'ullmhaigh an Príomhoide. Tabharfaidh an bord bainistíochta deis don mhúinteoir a c(h)ás a chur i láthair go foirmiúil. Ba cheart fógra deich lá scoile ar a laghad a thabhairt i scríbhinn don mhúinteoir roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin a lua san fhógra agus tabharfar aon cháipéisí tacaíochta don mhúinteoir. Féadfaidh ionadaí, arb é a (h)ionadaí/(h)ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe é/í/iad de ghnáth, dul chuig cruinniú ar bith den chineál sin leis an múinteoir lena mbaineann, faoi réir uaslíon de bheirt. Tabharfar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt agus a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh agus tabharfar deis dó/di freagra a thabhairt. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra, cinnfidh an bord bainistíochta an gníomh iomchuí a dhéanfar. I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile faoi sin. I gcás go gcinnfear tar éis na héisteachta go bhfuil údar ann le tuilleadh gníomh araíonachta, féadfaidh an bord bainistíochta leas a bhaint as aon cheann de na roghanna seo a leanas:

- incrimint a chur siar
- incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- ísliú céime (post freagrachta a chailleadh)
- gníomh araíonachta eile gan dul chomh fada le fionraí ná le briseadh
- fionraí (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó chun críche ar leith) le pá
- fionraí (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó chun críche ar leith) gan phá
- briseadh.

Gníomhóidh an bord bainistíochta ar bhealach réasúnta i ngach cás agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomh araíonachta iomchuí. Ba cheart cineál an ghnímh araíonachta a bheith i gcomhréir le cineál na saincheiste oibre nó leis an tsaincheist iompair a bhí taobh thiar den smachtbhanna a bheith á fhorchur.

I gcás go mbeartófar gníomh araíonachta nach dtéann chomh fada le briseadh, déanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú ar an gcás chun a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil aon ghníomh araíonachta eile ag teastáil.

**Mí-Iompar Tromchúiseach**

I gcás mí-iompar tromchúiseach ag an obair nó i gcás bagartha ar shláinte agus sábháilteacht, ar leanaí nó ar phearsanra eile sa scoil, ní bhíonn feidhm ag na céimeanna atá leagtha amach thuas de ghnáth agus féadfar múinteoir a bhriseadh gan dul i muinín na gcéimeanna roimhe.

Is iad seo a leanas roinnt samplaí de mhí-iompar tromchúiseach nach bhféadfar feidhm a bheith ag ceann ar bith de Chéim 1 go Céim 3, ná ag gach ceann acu, den nós imeachta araíonachta ina leith, ag brath ar thromaíocht an chiona atá líomhnaithe:

- Goid.
- Damáiste a dhéanamh d'aon ghnó do mhaoin scoile.
- Calaois nó doiciméid a fhalsú d'aon ghnó.
- Mórfhaillí nó faillí i ndualgas.
- Diúltú do threoracha dlisteanacha a chomhlíonadh, rud as ar tháinig iarmhairtí tromchúiseacha.
- Éagumas tromchúiseach nó leanúnach dualgas a chomhlíonadh mar gheall ar a bheith faoi thionchar alcóil nó drugaí nach raibh ar oideas nó mar gheall ar mhí-úsáid a bhaint as cógas a bhí ar oideas.
- Sárú tromchúiseach ar rialacha sláinte agus sábháilteachta.
- Mí-úsáid thromchúiseach a bhaint as maoin/trealamh na scoile.
- Sáruithe tromchúiseacha ar rúndacht.
- Bulaíocht thromchúiseach, iompar míchuí, ciapadh gnéasach nó fostaí nó custaiméir, mic léinn ina measc, a chiapadh.
- Iompar foréigneach/suaiteach.
- Ábhar pornagrafach a íoslódáil ón Idirlíon/a scaipeadh.
- Ríomhphoist nó teachtaireachtaí téacs atá gráiniúil, gáirsiúil nó mígheanasach a scaipeadh.

**Tabhair faoi deara: ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas.**

Chun críocha an rannáin seo, féadfaidh gníomh a rinneadh nó a líomhnaítear a rinneadh lasmuigh den scoil a bheith i gceist le mí-iompar tromchúiseach i gcás go gcruthóidh gníomh den sórt sin, nó gníomh líomhnaithe den sórt sin, imní thromchúiseach ar thaobh an bhoird bhainistíochta i ndáil le sláinte agus sábháilteacht mhic léinn agus/nó fhoireann na scoile.

Má tá líomhain ann maidir le mí-iompar tromchúiseach, féadfar an múinteoir a fhionraí ar lánphá go dtí go ndéanfar imscrúdú agus go dtí go gcuirfear aon phróiseas achomhairc i gcrích.

Le linn an imscrúdaithe, tá sé de cheart ag an múinteoir lena mbaineann eolas a fháil faoi na líomhaintí agus tá sé de cheart aige/aici freagra a thabhairt ar gach líomhain. Má sheasann an t-imscrúdú le cás mí-iompair thromchúisigh, is é an gnás atá ann go mbrisfear an Príomhoide dá bharr.

**Céim 5**

**Achomharc**

Beidh deis ag an múinteoir achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta atá beartaithe. I gcás smachtbhanna a bheith á fhorchur ag céim 1, is le hainmní de chuid an bhoird bhainistíochta a dhéanfar an t-achomharc. I gcás smachtbhanna a bheith á fhorchur ag céim 2 agus/nó céim 3 de na nósanna imeachta sin, is é an bord bainistíochta a éistfidh achomharc den sórt sin. I gcás smachtbhanna a bheith á fhorchur faoi chéim 4 den nós imeachta, déanfar achomharc le painéal achomhairc araíonachta a gceapfaidh an bord bainistíochta é.

Tá na nósanna imeachta maidir le hachomharc a dhéanamh mar atá leagtha amach in Aguisín 1 A.

**Fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Mhúinteoireachta**

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi chineál an ghnímh araíonachta agus comhlíonfaidh sé/sí riachtanais ar bith na Comhairle Múinteoireachta de réir fhorálacha Alt 37 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

**Aguisín 1 A**

**Painéal Achomhairc Araíonachta do Mhúinteoirí**

1. Déanfaidh an bord bainistíochta Painéal Achomhairc Araíonachta do Mhúinteoirí a cheapadh, rud a bheidh comhdhéanta díobh seo a leanas:

   - Cathaoirleach neamhspleách ó phainéal a n-ainmneoidh an tAire Oideachais agus Scileanna é

   - Ionadaí ón gcomhlacht aitheanta bainistíochta

   - Ainmní ón gcumann múinteoirí atá i gceist

2. Aon bhall a raibh leas aige/aici i gcás ar leith nó a raibh baint aige/aici le cás ar leith, ní cheapfar é/í chuig an bPainéal chun breithniú a dhéanamh ar an gcás céanna.

**An Próiseas Achomhairc**

3. Féadfaidh múinteoir a iarraidh go ndéanfadh an Painéal athbhreithniú ar imeachtaí araíonachta bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

   i níor cloíodh le forálacha na nósanna imeachta comhaontaithe

   ii ní bhfuarthas amach na fíricí ábhartha uile

   iii níor breithníodh na fíricí ábhartha uile nó níor breithníodh iad ar bhealach réasúnta

   iv níor tugadh deis réasúnta don mhúinteoir lena mbaineann freagra a thabhairt ar an líomhain

   v ní fhéadfaí bheith ag súil le réasún go dtuigfeadh an múinteoir lena mbaineann go dtiocfadh gníomh araíonachta as an iompar atá líomhnaithe

   vi níl an smachtbhanna atá beartaithe comhréireach leis an tearcfheidhmíocht nó leis an mí-iompar atá líomhnaithe

4. Múinteoir, ar tugadh fógra dó/di gur cinneadh gníomh araíonachta a dhéanamh ina (h)aghaidh, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh i scríbhinn, laistigh de 10 lá scoile ó fhógra a fháil faoin gcinneadh, go ndéanfaí an Painéal athbhreithniú ar na himeachtaí araíonachta.

5. Mura bhfaightear iarratas den sórt sin ón múinteoir lena mbaineann laistigh den tréimhse deich lá scoile, féadfaidh an t-údarás cuí dul ar aghaidh leis an ngníomh araíonachta atá beartaithe a fhorfheidhmiú.

6. I gcás go n-iarrfaidh múinteoir go ndéanfadh an Painéal athbhreithniú ar imeachtaí araíonachta, déanfar na haighneachtaí seo a leanas:

i ráiteas i scríbhinn ón múinteoir lena mbaineann, ina leagtar amach na forais ar a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh, atá le cur faoi bhráid an Phainéil agus an fhostóra laistigh de 10 lá scoile ón iarratas ar achomharc dá dtagraítear thuas a chur isteach

ii frithráiteas i scríbhinn ón bhfostóir, atá le cur faoi bhráid an Phainéil agus an mhúinteora lena mbaineann laistigh de 10 lá scoile ó ráiteas an mhúinteora dá dtagraítear thuas a bheith faighte ag an bhfostóir sin

iii aon aighneacht eile a fhéadfaidh an Painéal a iarraidh ón múinteoir lena mbaineann nó ón bPríomhfheidhmeannach, atá le cur isteach i cibé foirm agus laistigh de cibé tréimhse ama a fhéadfaidh an Painéal a shonrú ina iarratas

7. Féadfaidh an Painéal diúltú d'iarratas ar athbhreithniú ar imeachtaí araíonachta sna cásanna seo a leanas:

i teipeann an múinteoir lena mbaineann aighneacht a éilítear faoi mhír 6.i thuas a dhéanamh laistigh den tréimhse ama fhorordaithe, nó

ii tá an Painéal den tuairim, tar éis dó aon aighneachtaí arna ndéanamh faoi mhír 6.i thuas a bhreithniú, gur achomharc cráiteach suaibhreosach nó achomharc gan substaint ná bunús é an t-achomharc a rinne an múinteoir lena mbaineann.

8. I gcás go ndiúltóidh an Painéal d'iarratas, féadfaidh an fostóir dul ar aghaidh de réir théarmaí an nós imeachta seo amhail is nach ndearnadh an t-iarratas riamh.

9. I gcás go gcinnfidh an Painéal athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta araíonachta, tar éis dó na haighneachtaí a bhreithniú, socróidh sé dáta le haghaidh éisteachta laistigh de 20 lá scoile ó aighneachtaí comhlánaithe ón múinteoir agus ón bhfostóir a bheith faighte aige.

10. Féadfaidh an Painéal, dá rogha féin, cuireadh a thabhairt d'aon duine fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn. Déanfaidh an Painéal breithniú agus cinneadh ar aon iarratas ó pháirtí sa nós imeachta fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn.

11. An múinteoir atá ag déanamh an achomhairc, tá sé/sí i dteideal, más mian leis/léi, aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh don Phainéal i bpearsa nó trí ionadaí, ar múinteoir reatha é/í de ghnáth, trí oifigeach/oifigigh lánaimseartha ón gceardchumann a bhfuil aitheantas aige dá g(h)rád nó trí aon duine eile a n-aontaíonn an Painéal é/í a bheith i láthair chun na críche sin.

12. I gcás go dtiocfaidh an Painéal le chéile chun fianaise ó bhéal a ghlacadh nó chun aighneachtaí ó bhéal a éisteacht, tá na daoine seo a leanas i dteideal bheith i láthair:

i an múinteoir lena mbaineann

ii aon duine/daoine atá i dteideal, de réir mhír 11 thuas, aighneachtaí a dhéanamh thar ceann an mhúinteora lena mbaineann

iii An cathaoirleach ar an mbord bainistíochta agus comhalta reatha den Bhord, nó Príomhoide, a ainmneofar chun cúnamh a thabhairt don Chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta

iv aon duine eile a n-aontaíonn an Painéal é/í a bheith i láthair

13. Is ar bhonn neamhfhoirmiúil a dhéanfar imeachtaí os comhair an Phainéil.

14. Tar éis dó aon cheisteanna a mheasann sé a bheith riachtanach a chur agus tar éis dó aon aighneachtaí a rinneadh nó aon fhianaise a tugadh a bhreithniú, tiocfaidh an Painéal ar thuairim maidir le cé acu a bunaíodh nó nár bunaíodh forais le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcás agus déanfaidh sé an tuairim sin a eisiúint do Chathaoirleach an bhoird bhainistíochta, don mhúinteoir lena mbaineann agus dá (h)ionadaí laistigh de dheich lá scoile ón éisteacht.

15. I gcás go mbeifear den tuairim gur bhunaigh an múinteoir lena mbaineann cás den sórt sin, féadfaidh an Painéal, dá rogha féin, na moltaí seo a leanas a dhéanamh don bhord bainistíochta:

i níor cheart tuilleadh gnímh a dhéanamh san ábhar, nó

ii ba cheart an gníomh araíonachta ar shocraigh an bord bainistíochta é a leasú ar bhealach sonraithe, nó

iii ba cheart don bhord bainistíochta athmhachnamh a dhéanamh ar an gcás chun easnamh sonraithe sna nósanna imeachta araíonachta a réiteach (sa chás sin, leanfaidh forálacha an Chóid seo le feidhm a bheith acu)

16. I gcás go mbeifear den tuairim nár bunaíodh cás den sórt sin, leanfaidh an bord bainistíochta ar aghaidh leis an ngníomh araíonachta.

17. Ba cheart fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir lena mbaineann agus dá (h)ionadaí faoi chinneadh chun gníomh araíonachta a dhéanamh. I gcás nach ndéanfar aon ghníomh eile, glacfar leis gur tarraingíodh siar an líomhain.

18. Tá an bord bainistíochta freagrach as an gcinneadh deiridh ar mholadh ón bpainéal achomhairc agus is é an bord bainistíochta a leagfaidh an bunús leis an gcinneadh uaidh amach i scríbhinn.

**<u>AGUISÍN 2 - PRÍOMHOIDÍ</u>**

**Nósanna Imeachta Athbhreithnithe le haghaidh Príomhoidí a Chur ar Fionraí agus a Bhriseadh as a bPost**

**Alt 24(3) den Acht Oideachais (1998)**

## 1. Cúlra

Foráiltear le halt 24(3) den Acht Oideachais, 1998, go bhféadfaidh na boird bhainistíochta múinteoirí a chur ar fionraí agus a bhriseadh as a bpost. Faoi théarmaí *I dTreo 2016*, gheall na páirtithe go ndéanfadh siad athbhreithniú agus athcheartú ar na nósanna imeachta atá ann cheana agus go gcomhaontódh siad nósanna imeachta nua go tráthúil chun go bhféadfaí iad a chur chun feidhme le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2009/2010.

Tá boird bhainistíochta agus príomhoidí freagrach as cáilíocht agus éifeachtacht an oideachais agus as bainistíocht ball foirne in aon scoil, mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, 1998.

Cé nach féidir le haon nósanna imeachta bheith críochnúil faoin raon cúinsí ar dá mbun a d'fhéadfaí nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh, is dóigh, i bhformhór na gcásanna, go mbainfidh na himthosca sin le hiompar, le bagairt ar shláinte agus sábháilteacht mac léinn agus/nó le mainneachtain leanúnach na dualgais ghairmiúla agus na freagrachtaí gairmiúla a bhfuiltear ag súil leo ó Phríomhoide a chomhlíonadh.

Foráiltear leis na nósanna imeachta comhaontaithe seo a leanas do dhá shnáithe neamhspleácha ar leith do Phríomhoidí, ar nósanna imeachta iad ba cheart a úsáid i gcúinsí cuí:

- Nósanna imeachta a bhaineann le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla ina ról mar mhúinteoir
- Nósanna imeachta a bhaineann le saincheisteanna oibre agus iompair ina ról mar Phríomhoide

Tá na nósanna imeachta seo ceaptha chun déileáil le saincheisteanna fostaíochta agus leo sin amháin. Gabhann siad in ionad na nósanna imeachta araíonachta uile a bhí ann roimh an gcomhaontú seo. Tá sé sin gan dochar d'achomhairc a dhéantar le pátrúin, cibé áit a gceadaítear iad faoi láthair, ar feitheamh aon athbhreithnithe ar achomhairc den sórt sin.

Is faoin gComhairle Mhúinteoireachta atá sé déileáil le saincheisteanna a bhaineann le clárúchán.

Féadfaidh aon cheann de na páirtithe lena mbaineann athbhreithniú a iarraidh ar na nósanna imeachta seo le haghaidh príomhoidí a chur ar fionraí agus a bhriseadh as a bpost.

## 2. Na Prionsabail Ghinearálta taobh thiar de na nósanna imeachta seo

Seachas ceisteanna cothromais agus ceartais, is gá nósanna imeachta inghlactha a bheith i bhfeidhm agus is gá cloí leis na nósanna imeachta sin ionas gur féidir dea-atmaisféar caidrimh thionsclaíoch a choimeád san áit oibre. Tá nósanna imeachta araíonachta ag teastáil chun a chinntiú go gcoimeádfar an araíonacht san áit oibre agus go bhféadfar bearta araíonachta a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom comhsheasmhach araon.

Tá dhá chuspóir i gceist le nósanna imeachta den sórt sin sa mhéid is go soláthraítear leo creat lena gcumasaítear don lucht bainistíochta caighdeáin shásúla a choimeád agus lena dtugtar d’fhostaithe rochtain ar nósanna imeachta trína bhféadfar aghaidh a thabhairt go cothrom íogair ar aon mhainneachtain líomhnaithe na caighdeáin sin a chomhlíonadh.

Is iad na gnéithe riachtanacha d’aon nósanna imeachta le haghaidh déileáil le saincheisteanna araíonachta ná go bhfuil siad réasúnach agus cothrom, go bhfuil bonn soiléir ann le gníomh araíonachta, go bhfuil an raon pionós a fhéadfar a fhorchur dea-shainithe agus go bhfuil sásra achomhairc inmheánach ar fáil.

Tá gach Príomhoide cuntasach go pearsanta as a (h)iompraíocht agus a f(h)eidhmíocht oibre féin. I gcás gach páirtí, is fearr luath-idirghabháil a dhéanamh ar an leibhéal cuí chun aghaidh a thabhairt ar aon iompraíocht mhíchuí a bhraitear a bheith ann ionas go n-íoslaghdófar an baol go ngéarófaí na smachtbhannaí dá bhforáiltear sna nósanna imeachta seo.

Déanfaidh an fostóir gach iarracht aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh líomhnaithe nó aon easnaimh a bhraitear a bheith ann ó thaobh oibre agus iompair de ar bhealach neamhfhoirmiúil gan an nós imeachta araíonachta foirmiúil a agairt.

I gcás go dtabharfaidh na cúinsí údar le déanamh amhlaidh, féadfar Príomhoide a chur ar shaoire riaracháin ar phá iomlán ar feitheamh imscrúdaithe nó an toraidh ar imscrúdú nó ar feitheamh éisteacht/cruinniú araíonachta nó an toraidh ar éisteacht/cruinniú araíonachta.

Is é is aidhm do na nósanna imeachta seo prionsabail ghinearálta an cheartais aiceanta a chomhlíonadh agus a fhoráil:

- go mbeidh toimhde na neamhchiontachta ann. Ní fhéadfar aon chinneadh maidir le gníomh araíonachta a dhéanamh go dtí go dtionólfar cruinniú araíonachta foirmiúil agus go dtabharfar deis don fhostaí freagra a thabhairt ar na líomhaintí a tarraingíodh anuas
- go dtabharfar, roimh chruinniú araíonachta, fógra i scríbhinn don fhostaí faoi chineál beacht na nithe lena mbaineann agus go dtabharfar cóipeanna de gach doiciméad ábhartha dó/di. I gcás gearáin, áireofar leis an bhfaisnéis sin foinse agus téacs an ghearáin a fuarthas. Ba cheart aon ghearán a dhéanamh i scríbhinn
- go dtabharfar sonraí don Phríomhoide lena mbaineann faoi na líomhaintí, na gearáin nó na saincheisteanna inniúlachta gairmiúla atá i gceist
- go n-urramófar go hiomlán an ceart atá ag an bPríomhoide lena mbaineann chun a c(h)omhad pearsanra a rochtain agus chun amharc air (lena n-áireofar gach taifead i ndáil leis an bPríomhoide atá i seilbh na scoile i bhformáid cruachóipe nó leictreonach)

- go dtabharfar deis don Phríomhoide lena mbaineann freagra a thabhairt ar aon líomhaintí, aon ghearáin nó aon saincheisteanna inniúlachta gairmiúla den sórt sin
- go dtabharfar deis don Phríomhoide lena mbaineann leas a bhaint as ionadaíocht, a thagann ó chomhghleacaí oibre nó ó ionadaí/ionadaithe ceardchumainn de ghnáth
- go mbeidh ag an bPríomhoide lena mbaineann an ceart chun an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a scrúdú agus a cheistiú agus chun finnéithe nó daoine a sholáthair faisnéis den sórt sin a ghairm lena gceistiú
- go mbeidh ag an bPríomhoide lena mbaineann an ceart chun scrúdú cothrom neamhchlaon a fháil ar na saincheisteanna atá á n-imscrúdú, rud ina dtabharfar aird ar na líomhaintí nó na gearáin iad féin, ar an bhfreagra a thug an Príomhoide lena mbaineann orthu, ar aon uiríll a rinne an Príomhoide lena mbaineann nó a rinneadh thar a c(h)eann, agus ar aon fhianaise, aon tosca nó aon chúinsí eile atá ábhartha nó cuí
- go mbeidh ar an mbord bainistíochta, mar fhostóir, an dualgas chun gníomhú go réasúnach agus go cothrom i ngach teagmháil le baill foirne agus chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hiompar nó inniúlacht ghairmiúil ar bhealach faoi rún ina dtugtar cosaint do dhínit an Phríomhoide
- go mbeidh gach ní a bhaineann leis an nós imeachta araíonachta faoi rún daingean ag na páirtithe agus a n-ionadaithe
- go measfar gur cion araíonachta é ag aon duine imeagla nó brú míchuí a chur ar aon duine a bhféadfar ceangal a chur air/uirthi freastal mar fhinné
- gurb amhlaidh, i gcás go ndéanfar cinneadh smachtbhanna araíonachta a fhorchur, go mbeidh an smachtbhanna a fhorchuirfear i gcomhréir le cineál an iompair/na hiompraíochta/na feidhmíochta ar dá b(h)un atá an smachtbhanna á fhorchur
- go mbeidh na nósanna imeachta seo gan dochar don cheart atá ag Príomhoide chun dul i muinín an dlí chun a f(h)ostaíocht a chosaint

Cuirfear tacaíocht, oiliúint agus cúnamh atá réasúnach agus cuí ar fáil. Sa chomhthéacs sin, beidh cuid mhór d'obair na Seirbhísí Tacaíochta ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile dírithe ar chomhairle agus cúnamh atá cuí a sholáthar do lucht bainistíochta na scoile agus do Phríomhoidí le linn pleananna feabhsúcháin a cheapadh agus, nuair is iomchuí, le linn iad a chur chun feidhme. Cuirfear socruithe i bhfeidhm freisin chun a fhoráil go mbeifear in ann na seirbhísí sin a rochtain go tráthúil nuair is gá.

Ina theannta sin, féadfaidh lucht bainistíochta na scoile comhairle a iarraidh, nuair is gá, ó chomhlachtaí bainistíochta ábhartha maidir le saincheisteanna a bhaineann le hoibriú na nósanna imeachta comhaontaithe seo.

**Nósanna imeachta a bhaineann le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla do Phríomhoidí ina ról mar mhúinteoir**

**Brollach**

Mar is gnách in aon ghairm, is faoin bPríomhoide aonair, sa chéad dul amach, ina ról mar mhúinteoir caighdeáin chuí teagaisc a choinneáil agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin go pearsanta nuair a thagann siad aníos. Ina theannta sin, tá freagracht agus oibleagáid ar an bPríomhoide as a chinntiú go mbaineann sé/sí leas iomlán as na deiseanna cúnaimh go léir chun saincheisteanna inniúlachta gairmiúla a leasú.

Sa chomhthéacs sin, glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann formhór mór na bPríomhoidí a gcuid dualgas ar bhealach inniúil éifeachtúil agus go gcuireann siad seirbhís ar fáil ar aon dul leis na traidisiúin teagaisc is fearr. Dá réir sin, is ar líon beag daoine aonair laistigh den ghairm a dhírítear aon phróiseas arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil. Is fíor freisin nach mór go n-aithnítear in aon phróiseas den chineál sin an fhírinne gur minic a bhíonn saincheisteanna inniúlachta gairmiúla de chineál neamhbhuan agus gur féidir go dtagann siad as saincheisteanna de chineál pearsanta nó gairmiúil nach maireann ach tréimhse ama réasúnta gairid.

Is féidir freisin go dtiocfaidh cásanna aníos ina n-ardófar buarthaí faoi inniúlacht ghairmiúil príomhoide trí ghearáin ó thuismitheoirí. Sna cásanna sin, tabharfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta aghaidh ar na hábhair imní ar an gcéad ásc de réir na nósanna imeachta comhaontaithe maidir le gearáin. Déanfaidh an Cathaoirleach breithniú ar chineál an ghearáin sula gcinnfidh sé/sí cé acu ba cheart nó nár cheart an tsaincheist a bhreithniú faoi na nósanna imeachta a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil. Má ghairtear na nósanna imeachta a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil ina dhiaidh sin, tabharfar comhairle agus eolas don tuismitheoir a rinne an gearán faoi thoradh deiridh an phróisis.

Dá réir sin, ba cheart roinnt céimeanna a bheith i gceist leis an gcur chuige maidir le déileáil le nithe a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil. Ba cheart don chur chuige bogadh ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla a d'fhéadfadh dul i muinín gníomh araíonachta (suas go briseadh as post agus an rud sin san áireamh) ag deireadh an phróisis. Ní mór aird a thabhairt lena linn sin, ar ndóigh, ar an gceart atá ag an mbord bainistíochta agus ar an dualgas atá air/uirthi chun gníomhú láithreach i nithe a bhaineann le mí-iompar tromchúiseach nó i gcás go measfaidh sé/sí go bhfuil bagairt ann ar shláinte, sábháilteacht agus leas mac léinn.

***Céim 1***

***An Chéim Neamhfhoirmiúil***

1.1 Mar atá leagtha amach in ailt 22 agus 23 den Acht Oideachais, 1998, tá freagracht fhoriomlán ar an mBord Bainistíochta, mar fhostóir, as an scoil a bhainistiú, lena n-áirítear baill foirne a threorú agus a stiúradh agus timpeallacht a chruthú a thacaíonn leis an bhfoghlaim i measc mac léinn agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn.

1.2 Tá sé beartaithe go réitítear fadhbanna a bhaineann le hinniúlacht teagaisc ar bhealach neamhfhoirmiúil nuair is féidir. Chuige sin, i gcás go mbeidh ábhair imní ag an mBord Bainistíochta go bhfuil saincheisteanna ann a bhaineann le caighdeáin teagaisc aon Phríomhoide, pléifidh an Cathaoirleach na saincheisteanna sin leis an bPríomhoide.

1.3 Féachfaidh an Cathaoirleach leis an mbunchúis/na bunchúiseanna a iniúchadh i gcomhar leis an bPríomhoide agus, nuair is féidir, comhaontóidh siad na bearta is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ní.

1.4 Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh an Cathaoirleach eolas don Phríomhoide faoi na tacaí inmheánacha agus/nó seachtracha atá ar fáil agus déanfaidh sé/sí a d(h)ícheall cabhrú leis an bPríomhoide na tacaí sin a rochtain. Is féidir go n-áireofar leo sin an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), agus/nó gníomhaireachtaí seachtracha eile atá ábhartha nó oiriúnach sna cúinsí, agus aird á tabhairt ar chineál na saincheisteanna ar leith.

1.5 Tá sé beartaithe gurb amhlaidh, trí chomhphlé idir an Cathaoirleach agus an Príomhoide, go réiteofar na saincheisteanna chun sástacht an Chathaoirligh agus go gcomhaontóidh siad araon nach bhfuil aon ghníomh eile ag teastáil.

1.6 Tá sé beartaithe gur cheart saincheisteanna inniúlachta gairmiúla de chineál neamhbhuan a réiteach trí shásraí neamhfhoirmiúla agus laistigh de thréimhse trí mhí de ghnáth, gan tréimhsí saoire a áireamh.

1.7 I gcás go mainneoidh Príomhoide obair go dearfach leis na próisis agus go mbeidh ábhair imní ag an gCathaoirleach go fóill go bhfuil saincheisteanna inniúlachta gairmiúla de chineál leanúnach ann, tabharfaidh an Cathaoirleach fógra don Phríomhoide go bhfuil sé beartaithe aige/aici an ní a tharchur chuig an mbord bainistíochta d'fhonn an próiseas foirmiúil a thionscnamh.

1.8 Ag an gcéim seo, ba cheart cóip de na nósanna imeachta comhaontaithe a thabhairt don Phríomhoide agus ba cheart a chur in iúl dó/di eolas a chur ar na céimeanna éagsúla de na nósanna imeachta a fhéadfar a agairt agus ar an raon smachtbhannaí atá ar fáil don bhord bainistíochta.

***Céim 2***

***An próiseas foirmiúil a thionscnamh***

2.1 Tabharfaidh an Cathaoirleach fógra don bhord faoi na hábhair imní atá aige/aici agus tabharfaidh sé/sí tuarascáil i scríbhinn don bhord. Tabharfar cóip den tuarascáil don Phríomhoide ag an am céanna agus tabharfar deis dó/di freagra i scríbhinn a thabhairt mar chuid den phróiseas breithniúcháin ar an ní.

2.2 Ag an gcéim seo, féadfaidh an Príomhoide Céim 3 de na nósanna imeachta seo a agairt laistigh de 10 lá scoile ón tuarascáil a fháil. I gcás go ndéanfaidh an Príomhoide an

gníomh sin, déanfaidh sé/sí amhlaidh ar an tuiscint nach bhféadfaidh sé/sí féachaint le filleadh ina dhiaidh sin ar aon chéim níos luaithe den phróiseas agus go bhféadfaidh an bord bainistíochta dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile de réir mar is cuí.

2.3 Mar mhalairt air sin, i gcás nach nglacfaidh an Príomhoide an rogha sin, déanfaidh an bord breithniú a luaithe is indéanta ar an tuarascáil ón gCathaoirleach agus ar aon fhreagra i scríbhinn a thug an Príomhoide. Ag an gcéim seo, tabharfar deis don Phríomhoide an ní a phlé leis an mbord bainistíochta más mian leis/léi déanamh amhlaidh. Déanfaidh an bord bainistíochta cinneadh ansin maidir le conas ba cheart dul ar aghaidh. Is féidir go gcinnfidh an bord:

- Nach bhfuil forais dhóthanacha ann chun teacht ar an gconclúid go bhfuil saincheist inniúlachta gairmiúla ann,
- Nach bhfuil forais dhóthanacha ann chun údar a thabhairt leis an bpróiseas foirmiúil a thionscnamh.

2.4 I gcás go mbeidh an Bord den tuairim go bhfuil forais dhóthanacha ann, cuirfidh sé/sí de chúram ar an gCathaoirleach an plean feabhsúcháin riachtanach a shainiú don mhúinteoir atá i gceist. Gheobhaidh an Cathaoirleach cúnamh ina leith sin ó dhuine seachtrach/ó dhaoine seachtracha a gceapfaidh an bord é/í/iad ó phainéal meantóirí a bhfuil an saineolas agus an taithí ábhartha acu ar nithe den sórt sin. Cuimseoidh an painéal Príomhoidí ar scor agus Príomhoidí reatha araon. Comhaontófar socruithe oibriúcháin an phainéil sin idir an comhlacht bainistíochta ábhartha agus an ceardchumann múinteoirí ábhartha.

2.5 Buailfidh an Cathaoirleach, i dteannta ba(i)ll den phainéal, leis an bPríomhoide lena mbaineann chun an plean feabhsúcháin a phlé.

2.6 Sonrófar i scríbhinn sa phlean na heasnaimh a bhraitear a bheith ann ar inniúlacht ghairmiúil an Phríomhoide agus an feabhas riachtanach a mbeifear ag súil leis ón bPríomhoide sin. Leagfar amach ann freisin an raon tacaí agus oiliúna atá ar fáil don Phríomhoide agus moltaí ba cheart don Phríomhoide a leanúint chun feabhas a chur ar a f(h)eidhmíocht féin. Leagfar amach sa phlean feabhsúcháin freisin fráma ama ar laistigh de ba cheart an feabhas riachtanach a bhaint amach. Cuirfear tacaí cuí ó na seirbhísí tacaíochta ar fáil don Chathaoirleach agus don Phríomhoide le linn an plean feabhsúcháin a dhréachtú.

2.7 Cé gur ar an duine aonair lena mbaineann a bheidh an phríomhfhreagracht as feabhas a chur ar a f(h)eidhmíocht féin, tabharfaidh an bord bainistíochta tacaíocht agus cabhair don duine aonair sin an feabhas riachtanach a bhaint amach.

2.8 Bheifí ag súil leis de ghnáth go réiteofaí na saincheisteanna inniúlachta gairmiúla laistigh den fhráma ama atá leagtha síos sa phlean feabhsúcháin, rud nár cheart a bheith níos lú ná trí mhí, gan tréimhsí saoire a áireamh. Féadfaidh an Cathaoirleach an tréimhse sin a fhadú faoi réir comhaontú a fháil ón mbord bainistíochta chun tuilleadh ama a thabhairt don Phríomhoide an plean feabhsúcháin a chur chun feidhme.

2.9 Tar éis dheireadh na tréimhse ama dá bhforálfar le haghaidh feabhas a bhaint amach, tabharfaidh an Cathaoirleach tuarascáil i scríbhinn don Bhord agus don Phríomhoide, rud ina leagfar amach tuairimí an Chathaoirligh ar an toradh.

2.10 Féadfaidh an Cathaoirleach na tuairimí ón meantóir/ó na meantóirí a iarraidh ag céimeanna 2.8 agus 2.9 thuas.

2.11 I gcás go dtuairisceoidh an Cathaoirleach gur baineadh an feabhas riachtanach amach, tabharfaidh an Bord fógra i scríbhinn don Phríomhoide á dheimhniú go bhfuil sé beartaithe aige an próiseas foirmiúil a thabhairt chun críche.

2.12 I gcás go dtuairisceoidh an Cathaoirleach don Bhord nár baineadh an feabhas riachtanach amach i bhfeidhmíocht teagaisc tar éis dheireadh an phróisis a cheadaítear don phróiseas sin, déanfaidh an Bord tuilleadh breithniúcháin ar an ní, faoi mar a fhoráiltear dó thíos.

2.13 Tabharfar deis don Phríomhoide freagra ó bhéal agus freagra i scríbhinn a thabhairt ar an tuarascáil ón gCathaoirleach mar chuid den phróiseas ina mbreithníonn an bord an ní.

2.14 Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil ón gCathaoirleach agus ar an bhfreagra ón bPríomhoide, féadfaidh an Bord a chinneadh:

- go ndearna an Príomhoide dul chun cinn dóthanach agus go dtabharfar an nós imeachta chun críche
- gur cheart an plean feabhsúcháin a athrú
- nár bhain an Príomhoide an feabhas riachtanach amach

**Céim 3 Athbhreithniú Seachtrach**

3.1 I gcás go gcinnfidh an bord bainistíochta nár soláthraíodh an feabhas riachtanach, iarrfaidh an Bord ar an bPríomhchigire a shocrú go ndéanfaí athbhreithniú ar obair an Phríomhoide. Tabharfaidh an bord bainistíochta eolas don Phríomhoide faoi sin. Ba cheart sonraí faoi chineál ábhair imní an Bhoird, na tacaí a tairgeadh don Phríomhoide, an méid a bhain an Príomhoide leas as na tacaí sin agus na torthaí a chur ar áireamh san iarraidh ar athbhreithniú.

3.2 Sula bhformheasfaidh sé/sí an t-athbhreithniú, deimhneoidh an Príomhchigire* dó/di féin gur thairg an scoil an tacaíocht chuí don Phríomhoide agus gurb amhlaidh, dá ainneoin sin, go meastar obair an Phríomhoide a bheith míshásúil fós. Féadfaidh an Príomhchigire tuilleadh faisnéise a iarraidh ón scoil de réir mar a mheasann sé/sí í a bheith riachtanach. I gcás go mbainfidh Príomhoide leas as an rogha i gCéim 2 chun Céim 3 den phróiseas a agairt, deimhneoidh an Príomhchigire an fhíric sin dó/di féin sula gcuirfidh sé/sí tús leis an athbhreithniú.

3.3 Tabharfaidh an Bord Bainistíochta don Phríomhoide freisin na doiciméid ar fad a thug an bord bainistíochta don Phríomhchigire.

3.4 An fheidhm um athbhreithniú seachtrach atá dílsithe don Phríomhchigire a dhéanamh, tá sí ina toradh ar an gcomhaontú sin agus tá sí ar leithligh ó fheidhm reachtúil an Phríomhchigire mar atá leagtha amach in alt 13 den Acht Oideachais, 1998, agus gan dochar di.

3.5 I gcás go n-aontóidh an Príomhchigire leis an iarraidh, féadfaidh sé/sí na pearsana sin a mheasann sé/sí a bheith riachtanach chun an t-athbhreithniú a dhéanamh a shannadh. Agus é/í ag sannadh duine nó daoine do chomhlíonadh an chúraim sin, tabharfaidh an Príomhchigire aird ar an gceanglas go mbeidh inniúlacht atá ábhartha don athbhreithniú ag aon duine/daoine aonair atá sannta amhlaidh.

3.6 Is féidir go n-áireofar leis an athbhreithniú sraith cuairteanna ar an suíomh teagaisc agus foghlama agus is gnách go dtugann comhalta/comhaltaí den Chigireacht iad. Beidh ag an duine/na daoine a sannfaidh an Príomhchigire é/í/iad cibé rochtain ar an suíomh teagaisc agus foghlama a theastaíonn uaidh/uaithi/uathu chun tuairim ghairmiúil a thabhairt faoi inniúlacht an Phríomhoide. Is féidir go mbeidh cásanna ann, ag tabhairt aird ar chineál aon cháis ar leith, ina bhféadfadh duine a bhfuil saineolas ar leith aige/aici atá ábhartha do na saincheisteanna imní a tharraing an bord bainistíochta anuas a bheith in éineacht leis an gcomhalta/na comhaltaí den Chigireacht. I ngach cás, is é comhalta den Chigireacht a stiúrfaidh an próiseas athbhreithniúcháin.

3.7 An Príomhoide, atá mar ábhar d'athbhreithniú seachtrach, comhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an bpróiseas athbhreithniúcháin agus beidh aon teip air/uirthi comhoibriú ar an mbealach sin ina ní araíonachta inti féin. Is féidir go gcuirfear aon easpa comhoibrithe den sórt sin san áireamh nuair atá na daoine sin atá ag déanamh an athbhreithnithe thar ceann an Phríomhchigire ag teacht ar a dtátail.

3.8 Cuirfidh an duine/na daoine a sannfaidh an Príomhchigire é/í/iad tuarascáil faoi bhráid an Phríomhchigire, a chuirfidh an tuarascáil seo ar fáil do bhord bainistíochta na scoile agus don Phríomhoide dá réir. Leagfar amach sa tuarascáil na tátail ar thángthas orthu i dtaca leis na hábhair imní a tharraing an bord bainistíochta anuas.

3.9 Tabharfaidh an bord bainistíochta deis don Phríomhoide freagra i scríbhinn a thabhairt ar thuarascáil an Phríomhchigire laistigh de 15 lá scoile tar éis don Phríomhoide an tuarascáil a fháil.

3.10 Tiocfaidh an bord bainistíochta le chéile chun breithniú a dhéanamh ar thuarascáil an Phríomhchigire agus ar an bhfreagra i scríbhinn ón bPríomhoide laistigh de 10 lá oibre tar éis an freagra i scríbhinn a fháil ón bPríomhoide. Féadfaidh an bord bainistíochta a chinneadh:

- nach gá tuilleadh gnímh a dhéanamh
- dul ar aghaidh chuig éisteacht araíonachta

I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don Phríomhoide laistigh de chúig lá scoile faoi sin.

**Áirítear leis an tagairt don Phríomhchigire comhaltaí den Chigireacht a dtarmligfidh an Príomhchigire an fheidhm sin chucu.*

**Céim 4**

***Éisteacht***

4.1 Tabharfar deis don Phríomhoide freastal ar chruinniú de chuid an bhoird bhainistíochta, agus ionadaí/ionadaithe, arb é a (h)ionadaí/(h)ionadaithe ó cheardchumann é/í de ghnáth, nó comhghleacaí/comhghleacaithe dá c(h)uid in éineacht léi, faoi réir uaslíon foriomlán de bheirt.

4.2 Tabharfar fógra 7 lá scoile ar a laghad don Phríomhoide roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir na héisteachta a leagan amach san fhógra. Ba cheart a leagan amach ann freisin go bhféadfar gníomh araíonachta a bhreithniú.

4.3 Ag an gcruinniú, tabharfar deis don Phríomhoide a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh.

4.4 Tar éis na héisteachta, déanfaidh an bord bainistíochta a bhreithiúnas ar an ní. Agus a bhreithiúnas á chur le chéile aige, tabharfaidh an bord bainistíochta aird ar na tátail atá leagtha amach i dtuarascáil an Phríomhchigire, ar aon fhianaise eile agus ar uiríll an Phríomhoide (más ann) ina leith.

4.5 Tar éis na héisteachta, tabharfaidh an Bord fógra don Phríomhoide faoina chinneadh agus faoi aon ghníomh araíonachta atá beartaithe, más é sin toradh a phléití.

4.6 Má chinntear gníomh araíonachta a dhéanamh, féadfaidh an bord bainistíochta leas a bhaint as an raon smachtbhannaí seo a leanas:

- Cáineadh deiridh i scríbhinn
- Incrimint a chur siar
- Incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- Fionraí (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó chun críche ar leith) le pá
- Fionraí (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó chun críche ar leith) gan phá
- Briseadh.

Gníomhóidh an bord bainistíochta ar bhealach réasúnta i ngach cás agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomh araíonachta iomchuí. Ba cheart cineál an ghnímh araíonachta a bheith i gcomhréir le cineál na saincheiste inniúlachta gairmiúla.

I gcás go mbeartófar gníomh araíonachta nach dtéann chomh fada le briseadh, déanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú ar an gcás chun a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil aon ghníomh araíonachta eile ag teastáil.

**Céim 5**

**Achomharc**

5.1 Beidh deis ag an bPríomhoide achomharc a dhéanamh in aghaidh ghníomh beartaithe an bhoird bhainistíochta. Éistfidh painéal neamhspleách achomhairc a gceapfaidh an bord bainistíochta é achomharc den sórt sin.

5.2 Tá na nósanna imeachta maidir le hachomharc a dhéanamh leis an bpainéal neamhspleách achomhairc mar atá leagtha amach in Aguisín 2 A.

**Fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Mhúinteoireachta**

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi chineál an ghnímh araíonachta agus comhlíonfaidh sé/sí riachtanais ar bith na Comhairle Múinteoireachta de réir fhorálacha Alt 37 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

**Nósanna imeachta araíonachta do Phríomhoidí i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha**

## Brollach

Rinneadh an nós imeachta araíonachta seo do Phríomhoidí atá fostaithe i mbunscoileanna, i bpobalscoileanna, i scoileanna cuimsitheacha agus i meánscoileanna deonacha a fhorbairt agus a chomhaontú tar éis plé idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, comhlachtaí bainistíochta scoile agus ceardchumainn aitheanta mhúinteoirí a dhéanann ionadaíocht do mhúinteoirí sna hearnálacha sin. Cuirtear san áireamh ann an reachtaíocht fostaíochta agus Cód Cleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais maidir le Nósanna Imeachta Araíonachta. Gabhann an nós imeachta araíonachta seo in ionad na nósanna imeachta araíonachta áitiúla agus náisiúnta go léir atá ann cheana. Tabharfar eolas agus faisnéis iomlán do Phríomhoidí agus do bhoird bhainistíochta faoin nós imeachta seo agus cloífidh siad lena théarmaí.

## Réamhrá

Mar is gnách in aon ghairm, is faoin bPríomhoide aonair, sa chéad dul amach, caighdeáin chuí oibre agus iompair a choinneáil agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin go pearsanta nuair a thagann siad aníos. Cuimsíonn obair sa chomhthéacs sin gach gné de ról an Phríomhoide (seachas mar mhúinteoir), mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, 1998. Ina theannta sin, tá freagracht agus oibleagáid ar an bPríomhoide as a chinntiú go mbaineann sé/sí leas iomlán as na deiseanna cúnaimh go léir chun na saincheisteanna sin a leasú.

Sa chomhthéacs sin, glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann formhór mór na bPríomhoidí a gcuid dualgas ar bhealach inniúil éifeachtúil agus go gcuireann siad seirbhís ar fáil ar aon dul leis na traidisiúin cheannaireachta scoile is fearr. Dá réir sin, is ar líon beag daoine aonair laistigh den ghairm a dhírítear aon phróiseas arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le hobair agus le hiompar. Is fíor freisin nach mór go n-aithnítear in aon phróiseas den chineál sin an fhírinne gur minic atá na hábhair sin de chineál neamhbhuan agus gur féidir go dtagann siad as saincheisteanna de chineál pearsanta nó gairmiúil nach maireann ach tréimhse ama réasúnta gairid. Nuair is féidir, déileálfar go neamhfhoirmiúil le haon chorr-shaincheisteanna nó easnaimh nach bhfuil tromchúiseach.

Dá réir sin, ba cheart roinnt céimeanna a bheith i gceist leis an gcur chuige maidir le déileáil le nithe a bhaineann le hobair agus le hiompar. Ba cheart don chur chuige bogadh ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla a d'fhéadfadh dul i muinín gníomh araíonachta (suas go briseadh as post agus an rud sin san áireamh) ag deireadh an phróisis. Cé go dtiocfaidh gníomh araíonachta as na céimeanna forásacha de ghnáth, féadfaidh an scoil tús a chur leis an nós imeachta ag céim ar bith den phróiseas má éilíonn an mí-iompar líomhnaithe an cur chuige sin.

## Raon feidhme

Cuimsíonn raon feidhme na nósanna imeachta seo gach gné den ról mar Phríomhoide mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, 1998, agus in Achtanna ábhartha eile de chuid an

Oireachtais.  I measc nithe eile, déantar foráil san Acht Oideachais, 1998, go ndéanfaidh an Príomhoide na nithe seo a leanas:

- beidh freagracht air/uirthi as an teagasc a chuirtear ar fáil do mhic léinn sa scoil agus cuirfidh sé/sí go ginearálta le hoideachas agus forbairt phearsanta na mac léinn sa scoil sin
- déanfaidh sé/sí foghlaim a spreagadh agus a chothú i mic léinn, mic léinn a mheas go rialta agus torthaí an mheasúnaithe sin a thuairisciú do na mic léinn agus dá dtuismitheoirí ar bhonn tréimhsiúil
- déanfaidh sé/sí comhoibriú idir an scoil agus an pobal a bhfreastalaíonn sí air a chur chun cinn agus, faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe chomhchoitinn infheidhmithe agus a c(h)onradh fostaíochta, comhlíonfaidh sé/sí na dualgais a shannann an bord bainistíochta dó/di
- beidh sé/sí freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá, lena n-áirítear múinteoirí agus foireann eile na scoile a threorú agus a stiúradh, agus beidh sé/sí cuntasach don bhord as an mbainistíocht sin
- tabharfaidh sé/sí ceannaireacht do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile agus do mhic léinn na scoile
- beidh sé/sí freagrach, mar aon leis an mbord, le tuismitheoirí mac léinn agus leis na múinteoirí, as timpeallacht scoile a chruthú a thacaíonn leis an bhfoghlaim i measc na mac léinn agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn
- déanfaidh sé/sí, faoi stiúradh an bhoird agus i gcomhairle leis na múinteoirí, leis na tuismitheoirí agus, a mhéid is cuí dá n-aois agus dá dtaithí, leis na mic léinn, cuspóirí a leagan amach don scoil agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí sin, agus
- déanfaidh sé/sí tuismitheoirí mac léinn sa scoil a spreagadh chun páirt a ghlacadh in oideachas na mac léinn sin agus i ngnóthú chuspóirí na scoile

Is lasmuigh de raon feidhme an nós imeachta seo atá saincheisteanna inniúlachta gairmiúla mar mhúinteoir agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu trí na *Nósanna Imeachta a bhaineann le Saincheisteanna Inniúlachta Gairmiúla do Phríomhoidí ina ról mar mhúinteoir*.

Líomhaintí i dtaca le cosaint leanaí, mar a shainmhínítear sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus sa chiorclán gníomhach ábhartha, déileálfar leo ar an gcéad dul síos faoi na Nósanna Imeachta sin.

Is féidir freisin go dtiocfaidh cásanna aníos ina n-ardófar ábhair imní faoi obair nó iompar Príomhoide trí ghearáin ó thuismitheoirí.  Sna cásanna sin, tabharfaidh an Bord Bainistíochta aghaidh ar na hábhair imní ar an gcéad ásc de réir na nósanna imeachta comhaontaithe maidir le gearáin.  Déanfaidh an Bord breithniú ar chineál an ghearáin sula gcinnfidh sé/sí cé acu ba cheart nó nár cheart an tsaincheist a bhreithniú faoi na nósanna imeachta a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil. Má ghairtear na nósanna imeachta a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil ina dhiaidh sin, tabharfar comhairle agus eolas don tuismitheoir a rinne an gearán faoi thoradh deiridh an phróisis.

**An Chéim Neamhfhoirmiúil**

Tá sé beartaithe go réitítear fadhbanna a bhaineann le hobair agus le hiompar ar bhealach neamhfhoirmiúil nuair is féidir. Chuige sin, i gcás go dtiocfaidh an Bord Bainistíochta ar an tuairim go bhfuil saincheisteanna ann a bhaineann le caighdeáin oibre nó iompair aon Phríomhoide, pléifidh an Cathaoirleach na saincheisteanna sin leis an bPríomhoide lena mbaineann agus tabharfaidh an Cathaoirleach eolas dó/di faoi na feabhsuithe riachtanacha. Tabharfar an deis don Phríomhoide míniúchán agus nótaí tráchta a thairiscint. I gcás go dtiocfaidh feabhas isteach gan dul i muinín gníomh araíonachta, cuirfear treoir agus tacaíocht ar fáil de réir mar is cuí agus tabharfar aird chuí ar cibé acu is iad cúinsí pearsanta, cúinsí sláinte nó cúinsí teaghlaigh is cúis leis an easnamh. Tabharfaidh an Cathaoirleach eolas don Phríomhoide faoi na tacaí inmheánacha agus/nó seachtracha atá ar fáil agus déanfaidh sé/sí a d(h)ícheall cabhrú leis an bPríomhoide na tacaí sin a rochtain. Is féidir go n-áireofar leo sin an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), agus/nó gníomhaireachtaí seachtracha eile atá ábhartha nó oiriúnach sna cúinsí, agus aird á tabhairt ar chineál na saincheisteanna ar leith.

Tabharfar fógra don Phríomhoide freisin go bhféadfar an ní dul ar aghaidh chuig an nós imeachta araíonachta foirmiúil mura ndéantar an feabhas atá ag teastáil.

I gcás nach gcomhlíonfaidh obair nó iompar an Phríomhoide na caighdeáin is gá, d'ainneoin na hidirghabhála neamhfhoirmiúla atá leagtha amach thuas, déileálfar leis an ní faoin nós imeachta araíonachta seo a leanas.

**Céim 1:**

**Rabhadh ó Bhéal**

Gairfidh Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta cruinniú araíonachta foirmiúil leis an bPríomhoide. Tabharfar fógra cúig lá scoile ar a laghad i scríbhinn don Phríomhoide roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin i dteannta aon cháipéisí tacaíochta a lua san fhógra. Féadfaidh ionadaí, arb é a (h)ionadaí ceardchumainn nó comhghleacaí oibre é/í de ghnáth, dul chuig cruinniú ar bith den chineál sin leis an bPríomhoide lena mbaineann.

Ag an gcruinniú, tabharfar deis don Phríomhoide freagra a thabhairt agus a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra, cinnfidh an Cathaoirleach an gníomh iomchuí a dhéanfar. I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don Phríomhoide laistigh de chúig lá scoile faoi sin. I gcás go gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo, tabharfaidh an Cathaoirleach fógra don Phríomhoide go bhfuil rabhadh ó bhéal á thabhairt dó/di. I gcás go dtabharfar rabhadh ó bhéal, ba cheart an feabhas atá ag teastáil agus an tréimhse ama inar gá an feabhas sin a bhaint amach a lua go soiléir sa rabhadh sin. Ba cheart eolas a thabhairt don Phríomhoide sa rabhadh go bhféadfar tuilleadh gníomh araíonachta a bhreithniú i gcás nach mbeidh aon fheabhas leanúnach sásúil ann. Tabharfar fógra don Phríomhoide faoin gceart atá aige/aici achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta atá á dhéanamh agus faoin bpróiseas achomhairc.

Déanfaidh an Cathaoirleach cóip den rabhadh ó bhéal a choinneáil ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip den rabhadh sin don Phríomhoide. Beidh an rabhadh ó bhéal gníomhach do thréimhse 6 mhí agus, faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige tar éis dhul in éag na tréimhse 6 mhí. Bainfear an taifead ón gcomhad tar éis na tréimhse sé mhí faoi réir feabhas sásúil a bheith ann le linn na tréimhse.

Is féidir go dtiocfaidh ócáidí aníos, áfach, ina bhfuil obair nó iompar fostaí sásúil ar fud na tréimhse a bhfuil feidhm ag an rabhadh lena linn sula dtiteann an obair nó an t-iompar sin tamall an-ghairid ina dhiaidh sin. I gcás go dtiocfaidh patrún den chineál sin chun cinn agus go mbeidh fianaise ar fáil gur baineadh an bonn ón bpróiseas araíonachta, féadfar iompar agus patrún iompair an fhostaí roimhe sin a bhreithniú ina n-iomláine i nós imeachta araíonachta sa todhchaí.

**Céim 2:**

**Rabhadh i Scríbhinn**

Más rud é go measann an Cathaoirleach nach sásúil atá iompar an Phríomhoide i dtaca leis an iompar atá ag teastáil ag Céim 1, tar éis dó/di rabhadh ó bhéal a fháil, socrófar cruinniú idir an Príomhoide agus an Cathaoirleach i dteannta ainmní de chuid an bhoird bhainistíochta. Tabharfar fógra seacht lá scoile ar a laghad i scríbhinn don Phríomhoide roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin i dteannta aon cháipéisí tacaíochta a lua san fhógra. Féadfaidh ionadaí, arb é a (h)ionadaí/(h)ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe é/í/iad de ghnáth, dul chuig cruinniú ar bith den chineál sin leis an bPríomhoide lena mbaineann, faoi réir uaslíon foriomlán de bheirt.

Ag an gcruinniú, ba cheart ráiteas soiléir a thabhairt don Phríomhoide ar an réimse/na réimsí ina mbraitear a (h)iompar a bheith míshásúil. Tabharfar deis don Phríomhoide freagra a thabhairt agus a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh agus tabharfar deis dó/di freagra a thabhairt. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra, cinnfidh an Cathaoirleach agus an t-ainmní de chuid an bhoird bhainistíochta an gníomh iomchuí a dhéanfar. I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don Phríomhoide laistigh de chúig lá scoile faoi sin. I gcás go gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo, tabharfar fógra don Phríomhoide go bhfuil rabhadh i scríbhinn á thabhairt dó/di. I gcás go dtabharfar rabhadh i scríbhinn, ba cheart an feabhas atá ag teastáil agus an tréimhse ama inar gá an feabhas sin a bhaint amach a lua go soiléir sa rabhadh sin. Ba cheart eolas a thabhairt don Phríomhoide sa rabhadh i scríbhinn go bhféadfar tuilleadh gníomh araíonachta a bhreithniú i gcás nach mbeidh aon fheabhas leanúnach sásúil ann. Tabharfar fógra don Phríomhoide faoin gceart atá aige/aici achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta atá á dhéanamh agus faoin bpróiseas achomhairc.

Déanfaidh an Cathaoirleach cóip den rabhadh i scríbhinn a choinneáil ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip den rabhadh sin don Phríomhoide. Beidh an rabhadh i scríbhinn gníomhach do thréimhse nach mó ná 9 mí agus, faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige tar éis dhul in éag na tréimhse 9 mí. Bainfear an taifead ón gcomhad tar éis na tréimhse naoi mí faoi réir feabhas sásúil a bheith ann le linn na tréimhse.

Is féidir go dtiocfaidh ócáidí aníos, áfach, ina bhfuil obair nó iompar fostaí sásúil ar fud na tréimhse a bhfuil feidhm ag an rabhadh lena linn sula dtiteann an obair nó an t-iompar sin tamall an-ghairid ina dhiaidh sin. I gcás go dtiocfaidh patrún den chineál sin chun cinn agus go mbeidh fianaise ar fáil gur baineadh an bonn ón bpróiseas araíonachta, féadfar iompar agus patrún iompair an fhostaí roimhe sin a bhreithniú ina n-iomláine i nós imeachta araíonachta sa todhchaí.

**Céim 3:**

**Rabhadh Deiridh i Scríbhinn**

Más rud é go measann an Cathaoirleach nach sásúil atá iompar an Phríomhoide nó gur tharla cion níos tromchúisí, tar éis don Phríomhoide rabhadh i scríbhinn a fháil, socrófar cruinniú idir an Príomhoide agus an Cathaoirleach i dteannta ainmní de chuid an Bhoird Bhainistíochta. Ba cheart fógra seacht lá scoile ar a laghad a thabhairt i scríbhinn don Phríomhoide roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin i dteannta aon cháipéisí tacaíochta a lua san fhógra. Féadfaidh ionadaí, arb é a (h)ionadaí/(h)ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe é/í/iad de ghnáth, dul chuig cruinniú ar bith den chineál sin leis an bPríomhoide lena mbaineann, faoi réir uaslíon de bheirt.

Ag an gcruinniú, ba cheart ráiteas soiléir a thabhairt don Phríomhoide ar an réimse/na réimsí ina mbraitear a (h)iompar a bheith míshásúil. Tabharfar deis don Phríomhoide freagra a thabhairt agus a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh agus tabharfar deis dó/di freagra a thabhairt. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra, cinnfidh an Cathaoirleach agus an t-ainmní de chuid an bhoird bhainistíochta an gníomh iomchuí a dhéanfar. I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don Phríomhoide laistigh de chúig lá scoile faoi sin. I gcás go gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo, tabharfar fógra don Phríomhoide go bhfuil rabhadh deiridh i scríbhinn á thabhairt dó/di. I gcás go dtabharfar rabhadh deiridh i scríbhinn, ba cheart an feabhas atá ag teastáil agus an tréimhse ama inar gá an feabhas sin a bhaint amach a lua go soiléir sa rabhadh sin. Ba cheart eolas a thabhairt don Phríomhoide sa rabhadh deiridh i scríbhinn go bhféadfar tuilleadh gníomh araíonachta a bhreithniú i gcás nach mbeidh aon fheabhas leanúnach sásúil ann. Tabharfar fógra don Phríomhoide faoin gceart atá aige/aici achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta atá á dhéanamh agus faoin bpróiseas achomhairc.

Déanfaidh an Cathaoirleach cóip den rabhadh deiridh i scríbhinn a choinneáil ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip den rabhadh sin don Phríomhoide. Beidh an rabhadh deiridh i scríbhinn gníomhach do thréimhse nach mó ná 12 mhí agus, faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige tar éis dhul in éag na tréimhse 12 mhí. Bainfear an taifead ón gcomhad tar éis na tréimhse dhá mhí dhéag faoi réir feabhas sásúil a bheith ann le linn na tréimhse.

**Céim 4:**

Má bhraitear gur lean an drochobair nó an drochiompar ar aghaidh tar éis an rabhadh deiridh i scríbhinn a eisiúint, nó más saincheist thromchúiseach í an tsaincheist oibre nó iompair atá i gceist, ullmhóidh an Cathaoirleach tuarascáil chuimsitheach ar fhíricí an cháis agus cuirfear ar aghaidh í chuig an mbord bainistíochta. Tabharfar cóip den tuarascáil don Phríomhoide.

Déanfaidh an bord bainistíochta breithniú ar an ní agus iarrfaidh sé na tuairimí i scríbhinn ón bPríomhoide maidir leis an tuarascáil a d'ullmhaigh an Cathaoirleach. Tabharfaidh an bord bainistíochta deis don Phríomhoide a c(h)ás a chur i láthair go foirmiúil. Ba cheart fógra deich lá scoile ar a laghad a thabhairt i scríbhinn don Phríomhoide roimh an gcruinniú. Ba cheart cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin a lua san fhógra agus tabharfar aon cháipéisí tacaíochta don Phríomhoide. Féadfaidh ionadaí, arb é a (h)ionadaí/(h)ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe é/í/iad de ghnáth, dul chuig cruinniú ar bith den chineál sin leis an bPríomhoide lena mbaineann, faoi réir uaslíon de bheirt. Tabharfar deis don Phríomhoide freagra a thabhairt agus a c(h)ás a leagan amach ina iomláine agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun cinneadh a dhéanamh agus tabharfar deis dó/di freagra a thabhairt. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra, cinnfidh an bord bainistíochta an gníomh iomchuí a dhéanfar. I gcás go gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don Phríomhoide laistigh de chúig lá scoile faoi sin. I gcás go gcinnfear tar éis na héisteachta go bhfuil údar ann le tuilleadh gníomh araíonachta, féadfaidh an bord bainistíochta leas a bhaint as aon cheann de na roghanna seo a leanas:

- incrimint a chur siar
- incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- ísliú céime (liúntas Príomhoide a chailleadh)
- gníomh araíonachta eile gan dul chomh fada le fionraí ná le briseadh
- fionraí (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó chun críche ar leith) le pá
- fionraí (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó chun críche ar leith) gan phá
- briseadh

Gníomhóidh an bord bainistíochta ar bhealach réasúnta i ngach cás agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomh araíonachta iomchuí. Ba cheart cineál an ghnímh araíonachta a bheith i gcomhréir le cineál na saincheiste oibre nó leis an tsaincheist iompair a bhí taobh thiar den smachtbhanna a bheith á fhorchur.

I gcás go mbeartófar gníomh araíonachta nach dtéann chomh fada le briseadh, déanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú ar an gcás chun a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil aon ghníomh araíonachta eile ag teastáil.

**Mí-Iompar Tromchúiseach**

I gcás mí-iompar tromchúiseach ag an obair nó i gcás bagartha ar shláinte agus sábháilteacht, ar leanaí nó ar phearsanra eile sa scoil, ní bhíonn feidhm ag na céimeanna atá leagtha amach thuas de ghnáth agus féadfar Príomhoide a bhriseadh gan dul i muinín na gcéimeanna roimhe.

Is iad seo a leanas roinnt samplaí de mhí-iompar tromchúiseach nach bhféadfar feidhm a bheith ag ceann ar bith de Chéim 1 go Céim 3, ná ag gach ceann acu, den nós imeachta araíonachta ina leith, ag brath ar thromaíocht an chiona atá líomhnaithe:

- Goid.
- Damáiste a dhéanamh d'aon ghnó do mhaoin scoile.
- Calaois nó doiciméid a fhalsú d'aon ghnó.
- Mórfhaillí nó faillí i ndualgas.
- Diúltú do threoracha dlisteanacha a chomhlíonadh, rud as ar tháinig iarmhairtí tromchúiseacha.
- Éagumas tromchúiseach nó leanúnach dualgas a chomhlíonadh mar gheall ar a bheith faoi thionchar alcóil nó drugaí nach raibh ar oideas nó mar gheall ar mhí-úsáid a bhaint as cógas a bhí ar oideas.
- Sárú tromchúiseach ar rialacha sláinte agus sábháilteachta.
- Mí-úsáid thromchúiseach a bhaint as maoin/trealamh na scoile.
- Sáruithe tromchúiseacha ar rúndacht.
- Bulaíocht thromchúiseach, iompar míchuí, ciapadh gnéasach nó fostaí nó custaiméir, mic léinn ina measc, a chiapadh.
- Iompar foréigneach/suaiteach.
- Ábhar pornagrafach a íoslódáil ón Idirlíon/a scaipeadh.
- Ríomhphoist nó teachtaireachtaí téacs atá gráiniúil, gáirsiúil nó mígheanasach a scaipeadh.

**Tabhair faoi deara: ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas.**

Chun críocha an rannáin seo, féadfaidh gníomh a rinneadh nó a líomhnaítear a rinneadh lasmuigh den scoil a bheith i gceist le mí-iompar tromchúiseach i gcás go gcruthóidh gníomh den sórt sin, nó gníomh líomhnaithe den sórt sin, imní thromchúiseach ar thaobh an bhoird bhainistíochta i ndáil le sláinte agus sábháilteacht mhic léinn agus/nó fhoireann na scoile.

Má tá líomhain ann maidir le mí-iompar tromchúiseach, féadfar an Príomhoide a fhionraí ar lánphá go dtí go ndéanfar imscrúdú agus go dtí go gcuirfear aon phróiseas achomhairc i gcrích.

Le linn an imscrúdaithe, tá sé de cheart ag an bPríomhoide lena mbaineann eolas a fháil faoi na líomhaintí agus tá sé de cheart aige/aici freagra a thabhairt ar gach líomhain. Má sheasann an t-imscrúdú le cás mí-iompair thromchúisigh, is é an gnás atá ann go mbrisfear an Príomhoide dá bharr.

**Céim 5**

**Achomharc**

Beidh deis ag an bPríomhoide achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta atá beartaithe. I gcás smachtbhanna a bheith á fhorchur ag céim 1, is le hainmní de chuid an bhoird bhainistíochta a dhéanfar an t-achomharc. I gcás smachtbhanna a bheith á fhorchur ag céim 2 agus/nó céim 3 de na nósanna imeachta sin, is é an bord bainistíochta a éistfidh achomharc den sórt sin. I gcás smachtbhanna a bheith á fhorchur faoi chéim 4 den nós imeachta, déanfar achomharc le painéal achomhairc araíonachta a gceapfaidh an bord bainistíochta é.

Tá na nósanna imeachta maidir le hachomharc a dhéanamh mar atá leagtha amach in Aguisín 2 A.

**Fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Mhúinteoireachta**

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi chineál an ghnímh araíonachta agus comhlíonfaidh sé/sí riachtanais ar bith na Comhairle Múinteoireachta de réir fhorálacha Alt 37 d’Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

**Aguisín 2 A**

**Painéal Achomhairc Araíonachta**

1. Déanfaidh an bord bainistíochta Painéal Achomhairc Araíonachta a cheapadh, rud a bheidh comhdhéanta díobh seo a leanas:

   - Cathaoirleach neamhspleách ó phainéal a n-ainmneoidh an tAire Oideachais agus Scileanna é
   - Ionadaí ón gcomhlacht aitheanta bainistíochta
   - Ainmní ón gcumann múinteoirí atá i gceist

2. Aon bhall a raibh leas aige/aici i gcás ar leith nó a raibh baint aige/aici le cás ar leith, ní cheapfar é/í chuig an bPainéal chun breithniú a dhéanamh ar an gcás céanna.

**An Próiseas Achomhairc**

3. Féadfaidh Príomhoide a iarraidh go ndéanfadh an Painéal athbhreithniú ar imeachtaí araíonachta bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

   i níor cloíodh le forálacha na nósanna imeachta comhaontaithe

   ii ní bhfuarthas amach na fíricí ábhartha uile

   iii níor breithníodh na fíricí ábhartha uile nó níor breithníodh iad ar bhealach réasúnta

   iv níor tugadh deis réasúnta don Phríomhoide lena mbaineann freagra a thabhairt ar an líomhain

   v ní fhéadfaí bheith ag súil le réasún go dtuigfeadh an Príomhoide lena mbaineann go dtiocfadh gníomh araíonachta as an iompar atá líomhnaithe

   vi níl an smachtbhanna atá beartaithe comhréireach leis an tearcfheidhmíocht nó leis an mí-iompar atá líomhnaithe

4. Príomhoide, ar tugadh fógra dó/di gur cinneadh gníomh araíonachta a dhéanamh ina (h)aghaidh, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh i scríbhinn, laistigh de 10 lá scoile ó fhógra a fháil faoin gcinneadh, go ndéanfaí an Painéal athbhreithniú ar na himeachtaí araíonachta.

5. Mura bhfaightear iarratas den sórt sin ón bPríomhoide lena mbaineann laistigh den tréimhse deich lá scoile, féadfaidh an t-údarás cuí dul ar aghaidh leis an ngníomh araíonachta atá beartaithe a fhorfheidhmiú.

6. I gcás go n-iarrfaidh Príomhoide go ndéanfadh an Painéal athbhreithniú ar imeachtaí araíonachta, déanfar na haighneachtaí seo a leanas:

i ráiteas i scríbhinn ón bPríomhoide lena mbaineann, ina leagtar amach na forais ar a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh, atá le cur faoi bhráid an Phainéil agus an fhostóra laistigh de 10 lá scoile ón iarratas ar achomharc dá dtagraítear thuas a chur isteach

ii frithráiteas i scríbhinn ón bhfostóir, atá le cur faoi bhráid an Phainéil agus an Phríomhoide lena mbaineann laistigh de 10 lá scoile ó ráiteas an Phríomhoide dá dtagraítear thuas a bheith faighte ag an bhfostóir sin

iii aon aighneacht eile a fhéadfaidh an Painéal a iarraidh ón bPríomhoide lena mbaineann nó ón údarás cuí, atá le cur isteach i cibé foirm agus laistigh de cibé tréimhse ama a fhéadfaidh an Painéal a shonrú ina iarratas

7. Féadfaidh an Painéal diúltú d'iarratas ar athbhreithniú ar imeachtaí araíonachta sna cásanna seo a leanas:

i teipeann an Príomhoide lena mbaineann aighneacht a éilítear faoi mhír 6.i thuas a dhéanamh laistigh den tréimhse ama fhorordaithe, nó

ii tá an Painéal den tuairim, tar éis dó aon aighneachtaí arna ndéanamh faoi mhír 6.i thuas a bhreithniú, gur achomharc cráiteach suaibhreosach nó achomharc gan substaint ná bunús é an t-achomharc a rinne an Príomhoide lena mbaineann.

8. I gcás go ndiúltóidh an Painéal d'iarratas, féadfaidh an fostóir dul ar aghaidh de réir théarmaí an nós imeachta seo amhail is nach ndearnadh an t-iarratas riamh.

9. I gcás go gcinnfidh an Painéal athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta araíonachta, tar éis dó na haighneachtaí a bhreithniú, socróidh sé dáta le haghaidh éisteachta laistigh de 20 lá scoile ó aighneachtaí comhlánaithe ón múinteoir agus ón bhfostóir a bheith faighte aige.

10. Féadfaidh an Painéal, dá rogha féin, cuireadh a thabhairt d'aon duine fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn. Déanfaidh an Painéal breithniú agus cinneadh ar aon iarratas ó pháirtí sa nós imeachta fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn.

11. An Príomhoide atá ag déanamh an achomhairc, tá sé/sí i dteideal, más mian leis/léi, aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh don Phainéal i bpearsa nó trí ionadaí, ar múinteoir reatha é/í de ghnáth, trí oifigeach/oifigigh lánaimseartha ón gceardchumann a bhfuil aitheantas aige dá g(h)rád nó trí aon duine eile a n-aontaíonn an Painéal é/í a bheith i láthair chun na críche sin.

12. I gcás go dtiocfaidh an Painéal le chéile chun fianaise ó bhéal a ghlacadh nó chun aighneachtaí ó bhéal a éisteacht, tá na daoine seo a leanas i dteideal bheith i láthair:

i an Príomhoide lena mbaineann

ii aon duine/daoine atá i dteideal, de réir mhír 11 thuas, aighneachtaí a dhéanamh thar ceann an Phríomhoide lena mbaineann

iii An cathaoirleach ar an mbord bainistíochta agus comhalta reatha den Bhord a ainmneofar chun cúnamh a thabhairt don Chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta

iv aon duine eile a n-aontaíonn an Painéal é/í a bheith i láthair

13. Is ar bhonn neamhfhoirmiúil a dhéanfar imeachtaí os comhair an Phainéil.

14. Tar éis dó aon cheisteanna a mheasann sé a bheith riachtanach a chur agus tar éis dó aon aighneachtaí a rinneadh nó aon fhianaise a tugadh a bhreithniú, tiocfaidh an Painéal ar thuairim maidir le cé acu a bunaíodh nó nár bunaíodh forais le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcás agus déanfaidh sé an tuairim sin a eisiúint do Chathaoirleach an bhoird bhainistíochta, don Phríomhoide lena mbaineann agus dá (h)ionadaí laistigh de dheich lá scoile ón éisteacht.

15. I gcás go mbeifear den tuairim gur bhunaigh an Príomhoide lena mbaineann cás den sórt sin, féadfaidh an Painéal, dá rogha féin, na moltaí seo a leanas a dhéanamh don bhord bainistíochta:

i níor cheart tuilleadh gnímh a dhéanamh san ábhar, nó

ii ba cheart an gníomh araíonachta ar shocraigh an bord bainistíochta é a leasú ar bhealach sonraithe, nó

iii ba cheart don bhord bainistíochta athmhachnamh a dhéanamh ar an gcás chun easnamh sonraithe sna nósanna imeachta araíonachta a réiteach (sa chás sin, leanfaidh forálacha an Chóid seo le feidhm a bheith acu)

16. I gcás go mbeifear den tuairim nár bunaíodh cás den sórt sin, leanfaidh an bord bainistíochta ar aghaidh leis an ngníomh araíonachta.

17. Ba cheart fógra i scríbhinn a thabhairt don Phríomhoide lena mbaineann agus dá (h)ionadaí faoi chinneadh chun gníomh araíonachta a dhéanamh. I gcás nach ndéanfar aon ghníomh eile, glacfar leis gur tarraingíodh siar an líomhain.

18. Tá an bord bainistíochta freagrach as an gcinneadh deiridh ar mholadh ón bpainéal achomhairc agus is é an bord bainistíochta a leagfaidh an bunús leis an gcinneadh uaidh amach i scríbhinn.